



**FEHILY
TIMONEY**

COMHAIRLEOIRÍ SAN
INNEALTÓIREACTH, SAN
EOLAÍOCHT CHOMHSHAOIL & SA
PHLEANÁIL

COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE, 2024-2029

Tuarascáil Tionchar Natura

Arna hullmhú do:

Chomhairle Contae Chorcaí



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Dáta : Éanair 2024

Core House, Pouladuff Road, Cork, T12 D773, Ireland

T: +353 21 496 4133 | E: info@ftco.ie

CORK | DUBLIN | CARLOW

www.fehilytimoney.ie

Tuarascáil Tionchair Natura do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024-2029, Comhairle Contae Chorcaí

TÁBLA RIALAITHE ATHBHREITHNITHE, CLIANT, EOCHAIRFHOCAIL AGUS ACHOIMRE

Tá an t-úsáideoir freagrach as Stádas Athbhreithnithe na Cáipéise seo a Sheiceáil

Athbhreithniú. Uimh.	Cur síos ar Athruithe	Ullmhaithe ag:	Seiceáilte ag:	Faofa ag:	Dáta:
1	Deiridh	SOD/EM/NSC/AMW/EW	RD/AT	BG	30/01/2024

Cliant: Chomhairle Contae Chorcaí

Eochairfhocail Measúnacht Chuí, MC, Tuarascáil Tionchair Natura, PGAÚÁ, Plean cur chun feidhme an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Achoimre: Is díol sásaimh do Fehily Timoney and Company an Tuarascáil Tionchair Natura seo a chur isteach don Phlean Ceantair Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029.

CLÁR AN ÁBHAIR

1.	RÉAMHRÁ	3
1.1	Cúlra	3
1.2	Comhthéacs Reachtaíochta	3
1.3	Cur chuige	3
2.	CUR SÍOS AR AN PHLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.	
2.1	Forléargas	6
2.2	Ábhar	6
2.3	Ról Chomhairle Contae Chorcaí maidir le Gníonhú ar son na hAeráide agus an PGAÚÁ Error! Bookmark not defined.	
2.4	Ábhar an Phlean	7
2.5	Fís Fhoriomlán agus Torthaí Straitéiseacha	10
2.5.1	Forléargas	10
2.5.2	Modheolaíocht	11
2.5.3	Forbairt an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide	11
3.	SCAGADH LE HAGHAIDH MEASÚNACHT CHUÍ	13
3.1	Réamheolas ar an Scagadh	13
3.2	Láithreáin Eorpacha ábhartha a shainithint	13
3.3	Critéir Mheasúnaithe agus Scagadh	16
3.3.1	An bhfuil an PGAÚÁ Riachtanach chun na Láithreáin Eorpacha a Bhainistiú?	16
3.3.2	Gnéithe den PGAÚÁ a bhféadfadh iarmhairtí a bheith ann dá mbarr	16
3.3.3	Láithreáin a Scagadh	17
3.4	Iarmhairtí i dteaghlaim le Pleananna agus Cláir Eile	56
3.5	Tátaí as Scagadh MC	56
4.	MEASÚNACHT CHUÍ CHÉIM 2	57
4.1	Réamheolas	57
4.2	Tréithriú Láithreán Eorpach a bhféadfaí tionchar a imirt orthu	57
4.3	Iarmhairtí Suntasachta Féideartha a shainithint agus a thréithriú	57
4.3.1	Cineálacha Iarmhairtí Féideartha	59
5.	BEARTA MAOLAITHEACHA	80
6.	TÁTAL	112

LIOSTA AGUISÍNÍ

Aguisín 1 - Caidreamh an Phlean le Pleananna agus Cláir chuí eile

Aguisín 2 - Aiseolas Comhairliúcháin

Aguisín 3 - Meastóireacht Shonrach ar Éifeachtaí Chomhshaoil ó chur i bhfeidhm an Phlean

LIOSTA FIGIÚIRÍ

Leathanach

Figiúr 3-1:	Láithreáin Eorpacha a bhfuil conairí nascachta acu le teorainn an chontae a pléadh sa phróiseas measúnaithe.....	18
Figiúr 3-2:	Nascacht hidreolaíoch idir an teorainn riaracháin agus láithreáin Eorpacha a pléadh laistigh den phróiseas measúnaithe	19

LIOSTA TÁBLAÍ

Leathanach

Tábla 2-1:	Réimse Téama agus Príomhaidhmeanna an PGAÚÁ	7
Tábla 3-1:	Láithreáin Eorpacha a bhfuil conairí éiceolaíocha acu a scagadh le haghaidh iarmhairtí féideartha.....	20
Tábla 4-1:	Iarmhairtí Féideartha ag eascairt as an limistéar talún ábhartha a thréithriú.....	66
Tábla 5-1:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean	81
Tábla 5-2:	Prionsabail Rialachais Comhshaoil a bhaineann le Bearta Maolaitheacha Comhshaoil arna moladh lena n-áireamh leis an bPlean - an mhír ina bpléitear cur i bhfeidhm an phlean go sonrach.....	111



1. RÉAMHRÁ

1.1 Cúlra

Ullmhaíodh an Tuarascáil Tionchair Natura (NIR) seo mar thaca leis an Measúnacht Chúí (MC) sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2028 [an PGAÚÁ], de réir cheanglais Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/EEC ón gComhairle maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Flóra agus Fána Fiáine a Chaomhnú (arna leasú) (dá ngairtear an “Treoir um Ghnáthóga” ina dhiaidh seo).

Tá an tuarascáil seo mar chuid den phróiseas leanúnach MC atá á dhéanamh in éineacht le hullmhú an PGAÚÁ. Pléifear í, in éineacht le cáipéisí eile arna n-ullmhú mar chuid den phróiseas seo, nuair a thabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí an MC chun críche tar éis di glacadh leis an PGAÚÁ.

1.2 Comhthéacs Reachtaíochta

Sa Treoir um Ghnáthóga tugtar cosaint dhleathach do ghnáthóga agus speicis thábhachtacha san Eoraip. Is é aidhm fhoriomlán na Treorach um Ghnáthóga "stádas caomhantais fabhrach" gnáthóg agus speiceas lena mbaineann leas an Chomhphobail Eorpaigh a choinneáil nó a thabhairt ar ais. Liostaítear na gnáthóga agus na speicis seo sna Treoracha um Ghnáthóga agus Éanlaithe (Treoir 2009/147/EC ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú) agus ainmnítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (nó LCSanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (nó LfCSanna) chun cosaint a chur ar fáil do na cinn is leochailí. Is mar láithreáin Eorpacha as a bhfuil Gréasán Natura 2000 déanta atá aithne ar an dá ainmniú seo le chéile.

Éilítear MC faoin Treoir um Ghnáthóga, arna trasú i reachtaíocht na hÉireann ag Rialacháin 2011 na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (arna leasú), agus faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú). Measúnacht is ea an MC ar an bhféidearthacht go mbeadh drochiarmhairtí ann de bharr plean nó tionscadail, in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, do chuspóirí caomhantais láithreáin Eorpaigh. LCSanna agus LfCSanna atá sna láithreáin seo agus foráiltear leo cosaint agus fadmharthain na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire agus is mó atá faoi bhagairt san Eoraip.

1.3 Cur chuige

Tá an MC bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr agus úsáideadh saineolas éiceolaíochta agus hidreolaíochta ann. Lena chois sin, rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar líne ar an litríocht agus an litríocht liath eolaíochta arna bhfoilsíú¹. Áiríodh leis seo athbhreithniú mionsonraithe ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), lena n-áirítear mapáil agus tuarascálacha ar fáil le haghaidh láithreáin ábhartha agus, go háirithe, leasanna íogaire cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta arna dtuairisciú agus na cuspóirí caomhantais a bhaineann leo (lena n-áirítear sonraí speisialta arna mbailiú don timthriall tuairiscithe maidir le stádas caomhantais is deireanaí, 2019, faoi Airteagal 17).

Bhí na tuarascálacha seo mar threoir don NIR, agus b'amlaidh don nua de Phlean Forbartha Contae na Comhairle, do Thuarascáil Chomhshaoil an MST ag gabháil leis, agus do Phlean Forbartha Contae reatha na Comhairle agus an Tuarascáil Chomhshaoil MST agus Tuarascáil Tionchair Natura an MC a bhaineann leis.

¹ Cáipéisí éagsúla, in irisleabhair mar shampla, i gcás nach í an fhoilsitheoireacht príomhghníomhaíocht an chomhlachta a dhéanann iad. Áirítear leis na samplaí: cur i láthair comhdhála; sonraí rialála; sonraí ó thástálacha nár foilsíodh; foilseacháin rialtais; agus tráchttais.



Is dócha go mbeidh na foinsí sonraí seo úsáideach i gcomhair na MCanna is gá a dhéanamh do na pleananna/tionscadail leibhéil íochtair faoin bPlean.

Cuimsíodh na gnéithe seo a leanas leis an staidéar deisce éiceolaíochta don MC ón PGAÚÁ:

- Láithreáin Eorpacha laistigh de 15km de theorainn an PGAÚÁ a shainnithint agus naisc fhéideartha conairí a shainnithint i gcomhair láithreáin ar leith (más ábhartha) níos mó ná 15km ó theorainn an PGAÚÁ;
- Athbhreithniú ar an achoimre ar láithreán agus ar na cuspóirí caomhantais i gcomhair láithreáin Eorpacha ón SPNF agus conairí féideartha ón PGAÚÁ a shainnithint; agus
- Eolas ar fáil ar speicis faoi chosaint a scrúdú.

Tá ceithre príomhchéim sa phróiseas MC, mar seo a leanas:

Céim a hAon: Scagadh

An próiseas ina sainnithnítear na tionchair dhóchúla ar láithreán Eorpach de chuid tionscadail nó plean, ann féin nó in éineacht le tionscadail nó pleananna eile, agus ina bpléitear cé acu an dócha go mbeidh na tionchair seo suntasach nó nach mbeidh.

Céim a Dó: Measúnacht Chuí

Plé ar an tionchar ar shláine an láithreáin Eorpaigh den tionscadal nó den phlean, ann féin nó in éineacht le tionscadail agus pleananna eile, maidir le struchtúr agus feidhm an láithreáin agus lena chuspóirí caomhantais. Lena chois sin, i gcás ina bhfuil drochthionchair ann, measúnú ar mhaolú féideartha na dtionchar sin. Má mholtar maolú leordhóthanach lena chinntiú nach mbeidh drochthionchair shuntasacha ar láithreáin Eorpacha, is féidir deireadh a chur leis an bpróiseas ag an gcéim seo. Más dócha go fóill, áfach, go mbeidh tionchair shuntasacha ann, ní mór leanúint leis an bpróiseas go Céim a Trí.

Céim a Trí: Measúnú ar Réitigh Mhalartacha

An próiseas ina scrúdaítear bealaí malartacha chun cuspóirí an tionscadail nó an phlean a bhaint amach lena seachnaítear tionchair ar shláine an láithreáin Eorpaigh.

Céim a Ceathair: Measúnú i gcás nach bhfuil réitigh mhalartacha ann agus ina bhfuil drochthionchair ann go fóill

Measúnú ar bhearta cúiteacha i gcás, i bhfianaise measúnú ar na cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithe (imperative reasons of overriding public interest, nó IROPI), go meastar gur chóir leanúint ar aghaidh leis an tionscadal nó leis an bplean.

Leis an Treoir um Ghnáthóga, cuirtear chun cinn ordlathas de bhearta seachanta, maolaitheacha agus cúiteacha. Is é aidhm an chur chuige seo aon iarmhairtí ar láithreáin Eorpacha a sheachaint trí iarmhairtí féideartha a shainnithint go luath i bpróiseas déanta an phlean agus trí iarmhairtí den chineál sin a sheachaint. Ar an dara dul síos, cuirtear bearta maolaitheacha i bhfeidhm leis an gcur chuige seo, más gá, le linn an phróisis MC go dtí nach mbeidh aon drochiarmhairtí don láithreán/do na láithreáin ann go fóill. Má tá iarmhairtí féideartha ann go fóill do láithreáin Eorpacha, éilítear faoin gcur chuige seo go bpléifear réitigh mhalartacha. Mura sainnithnítear aon réitigh mhalartacha agus má tá an plean/tionscadal ag teastáil ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithe, ansin éilítear bearta cúiteacha i dtaca le haon drochiarmhairt(i) atá ann go fóill.



Déantar an measúnú ar iarmhairtí féideartha do láithreáin Eorpacha de réir samhail chaighdeánach foinse-conair-gabhdóir², i gcás inar gá do gach gné den mheicníocht a bheith faoi réir chun iarmhairt a dheimhniú. Is leor ceann de na gnéithe den tsamhail seo a bheith ar lár nó a bheith bainte amach chun teacht ar an tátal nach bhfuil iarmhairt fhéideartha ábhartha ná suntasach.

Ar mhaithe leis an tuarascáil seo, is gabhdóirí iad na gnéithe éiceolaíocha arb eol go n-úsáidtear iad ag leasanna cáilitheacha nó leasanna caomhantais speisialta láithreáin Eorpaigh. Foinse is ea aon ghné inaitheanta d'fhoráil ón PGAÚÁ arb eol go n-idirghníomhaíonn sí le próisis éiceolaíocha. Is iad na conairí ná aon naisc nó ceangail idir an foinse agus an gabhdóir. Cuirtear eolas ar fáil sa tuarascáil maidir le cé acu a d'fhéadfadh drochiarmhairtí díreacha, indíreacha agus carnacha teacht chun cinn ón PGAÚÁ nó nach bhféadfadh.

Nuair a ullmhaíodh an cleachtadh NIR, cuireadh reachtaíocht san áireamh, lena n-áirítear an reachtaíocht agus an treoir réamhluaite, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Measúnú Cuí ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn. Treoir d'Údaráis Phleanála, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2009;
- "Fógra ón gCoimisiún: Láithreáin Natura 2000 a Bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le 'Gnáthóga' 92/43/EEC", an Coimisiún Eorpach, 2018;
- "Measúnú ar Phleananna agus ar Thionscadail ag a bhfuil iarmhairt Shuntasach ar Láithreáin Natura: Treoir Mhodheolaíoch maidir le Forálacha Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/EEC", an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil, 2002; agus
- "Fógra ón gCoimisiún: Láithreáin Natura 2000 a Bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le 'Gnáthóga' 92/43/EEC", an Coimisiún Eorpach, 2000; agus
- Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i gcomhair Bainistíocht Forbartha, Nóta Cleachtais PN01, Oifig an Rialtóra Phoiblí 2021.

Bhí na haighneachtaí a fuarthas ar scóip phróiseas na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta³ (MST) tionlacain arna déanamh sa PGAÚÁ mar threoir ag scóip an MC, lena n-áirítear aighneacht ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta inar cuireadh eolas agus moltaí éagsúla a bhaineann leis an MC ar fáil.



2. CUR SÍOS AR AN PHLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

2.1 Forléargas

Is plean gníomhaithe é GCT an PGAÚÁ a dhéanann cur síos ar oiriúnú aeráide ar leibhéal áitiúil agus bearta maolaithe chun tacú le laghdú ar astaíochtaí GCT laistigh den údarás áitiúil mar eagraíocht agus ar fud an phobail áitiúil ar fad i limistéar feidhme an údaráis áitiúil.

Tá fócas isteach agus amach ag PGAÚÁanna. Rinneadh cur síos ar ghníomhú ar son na haeráide sa phlean ag údaráis áitiúla dá n-eagraíocht féin a bhfuil faoina stiúir (is é sin, an fócas isteach), agus do phobail ina limistéar feidhme, a bhfuil tionchar láidir acu air i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha (is é sin, an fócas amach).

An tréimhse plean don PGAÚÁ is ea ó 2024 go 2029. Ní mór don Chomhairle an plean a athbhreithniú agus a uasghrádú tar éis tréimhse 5 bliana.

Rinneadh an PGAÚÁ a fhorbairt i gcomhréir le ceanglais Alt 16 den Acht um Aeráid. Tá sé leanúnach leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP23) agus an Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe. Tá Pleananna Forbartha an údaráis áitiúil le bheith ag teacht lena PGAÚÁ freisin.

2.2 Ábhar

Tagraíonn an t-arthú aeráide do na hathruithe fadtéarmacha i bpatrúin aimsire nó meán-teochtaí an domhain. In Éirinn, léirítear é sin trí ardú ar leibhéal na mara, tarluithe adhaimsire agus athruithe ar an éiceachóras.

Léirítear le taighde fairsing agus fianaise dhoshéanta shuntasach go bhfuil comhchoibhneas ann idir meán-teochtaí domhanda atá ag dul i méid agus an méid GCT atá ag dul i méid a scaoiltear amach san atmaisféar, go háirithe ó fhoinsí antrapaigineacha.

D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha ar an timpeallacht agus daoine a bheith mar thoradh ar athruithe ar phatrúin aimsire agus an aeráid. D'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) an t-Athrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht sa bhliain 2022. Sa tuarascáil seo, tá achoimre ar thionchair an athraithe aeráide a chonacthas ar an timpeallacht agus daoine. Áirítear leis sin tionchair ó thuile intíre, damáistí do bhonneagar, tionchair ó ghalar tógálach, díláithriú, sláinte agus táirgiúlacht ainmhithe agus beostoic, meabhairshláinte agus easpa uisce a thagann ón athrú aeráide.

Léirítear tromchúis na dtionchar féideartha agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide le hollmhéid reachtaíochta idirnáisiúnta, na hEorpa agus náisiúnta a tugadh isteach chun na tionchair agus rioscaí sin a mhaolú.

Forálann Acht um Aeráid na hÉireann taca reachtúil faoi ghníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Luann sé go sonrach an riachtanas Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt (agus é a uasdátú gach bliain), Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (CNA), Straitéis Náisiúnta Gníomhaithe Fadtéarmach ar son na hAeráide agus Pleananna Oiriúnaithe Earnála (SAPanna). Luann sé go sonrach freisin sraith buiséad carbóin agus na huasteorainneacha astaíochta earnála gaolmhara.

Leagann sé amach gníomhaíochtaí a chaithfear a dhéanamh chun soláthar gealltanais a chinntiú chomh maith le GCT a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus chun astaíochtaí GCT neodrach faoin mbliain 2050 a bhaint amach. Beidh iarracht shuntasach, d'aon ghuth ar fud gach earnáil sa tsochaí ag teastáil chun ghníomhú ar son na haeráide a sholáthar go rathúil agus chun na cuspóirí sin a bhaint amach.



Príomhghné san Acht um Aeráid is ea an riachtanas ar údarais áitiúla faoi Alt 16 PGAÚÁanna aonair a ullmhú dá limistéar feidhme. Is é cuspóir PGAÚÁanna ná gníomhú ar son na haeráide éifeachtach agus maolú a sholáthar ag leibhéal údarais áitiúil agus pobail. Aithnítear san Acht go bhfuil na húdarais áitiúla taobh thiar den bheartas maidir leis an aeráid a chur chun cinn agus a sholáthar.

2.3 Ról Chomhairle Contae Chorcaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus an PGAÚÁ

Tá príomhról ag údarais áitiúla maidir le polasaí aeráide a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Beidh an PGAÚÁ ina chuidiú ag Comhairle Contae Chorcaí chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhtháite, ar mhaolú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus oiriúnú athraithe aeráide agus chun an chomhpháirtíocht idir polasaí náisiúnta aeráide agus gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil a neartú.

Tá cead ag Comhairle Contae Chorcaí a cur chuige féin a fhorbairt i dtaca le stíl agus struchtúr a plean gníomhaithe ar son na haeráide ach ní mór di ailíniú le príomhphrionsabail an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide a léiriú agus ní mór di a bheith faoi réir chomhlíonadh na dtreoirínte ábhartha ar fad lena chinntiú go bhfuil an plean áitiúil uailmhianach, dírithe ar ghníomhartha, fianaisebhunaithe, rannpháirtíocht agus trédhearcach.

2.4 Ábhar an Phlean

Díríonn an PGAÚÁ ar roinnt réimsí téama a mheastar a bheith mar príomhghné maidir le todhchaí atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de ar leibhéal eagraíochta agus pobail. Forbraíodh roinnt cuspóirí le haghaidh gach réimse téama. Rinneadh cur síos ar roinnt gníomhartha sonracha chun tacú leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Cuirtear achoimre ar na réimsí téama agus na cuspóirí faoinn PGAÚÁ i láthair i dTábla 2-1:

Tábla 2-1: Réimse Téama agus Príomhaidhmeanna an PGAÚÁ

Réimse Téama	Cuspóir
Astaíochtaí Díreacha	Laghdú 51% ar GHÁIS CHEAPTHA TEASA ó bhunlíne 2016/2018 mar thoradh ar úsáid leictreachais na comhairle
	Laghdú 51% ar GHÁIS CHEAPTHA TEASA ó bhunlíne 2016/2018 mar thoradh ar úsáid teasa teirmeach na comhairle
	Laghdú 51% ar GHÁIS CHEAPTHA TEASA ó bhunlíne 2016/2018 mar thoradh ar úsáid iompair na comhairle
	Méadú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh ó bhunlíne 2009
Rialachas	Táimid tiomanta d'fhís agus do mhisean soiléir ar fud an chontae maidir le gníomhú ar son na haeráide.
	Táimid tiomanta do struchtúir inmheánacha reatha a úsáid chun gníomhaíocht aeráide a ailíniú agus a chomhtháthú ar fud Chomhairle Contae Chorcaí, agus struchtúir nua a fhorbairt, nuair is gá.
	Táimid tiomanta do mhaoiniú a lorg do ghníomhaíocht aeráide ó fhoinsí seachtracha agus inmheánacha.
	Táimid tiomanta do chumas na foirne a fheabhsú chun gníomh éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh.
	Táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh ag forbairt Bheartais an tSoláthair Ghlais.



Réimse Téama	Cuspóir
	<p>Geallaimid go mbeidh aeráid lárnach nuair a bheidh sócmhainní nua á n-áitiú agus á bhfáil agus nuair a dhéanfar sócmhainní reatha a athsholáthar.</p> <p>Táimid tiomanta do Rannpháirtíocht agus Comhoibriú le Geallsealbhóirí.</p> <p>Táimid tiomanta do chreataí monatóireachta agus tuairiscithe a neartú.</p> <p>Tacóimid le comhairleoirí ina ról mar ionadaithe poiblí chun gníomhú ar son na haeráide.</p>
Pobal, Faisnéis agus Feasacht	<p>Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do Phobail fíis a chomh-chruthú do Chontae ísealcharbóin, saibhir i mbithéagsúlacht agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de.</p> <p>Táimid tiomanta eolas, oideachas a chur ar agus feasacht a chruthú faoi ghníomhaíocht aeráide agus rannpháirtíocht a chur chun cinn.</p> <p>Geallaimid tacaíocht a thabhairt do leithdháileadh cistí Rialtais agus tacaímid le rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomh aeráide ar leibhéal áitiúil.</p> <p>Táimid tiomanta sonraí a bhailiú agus léargais a ghabháil.</p> <p>Táimid tiomanta cabhrú leo siúd is mó a mbíonn tionchar ag tionchair aeráide a bhaineann leis an aimsir orthu</p> <p>Táimid tiomanta do chuidiú le hearnálacha den tsochaí a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu san aistriú go geilleagar ísealcharbóin.</p> <p>Táimid tiomanta do bheith ag obair ar son Idirthréimhse Chóir.</p> <p>Táimid tiomanta Taisteal Gníomhach a chur chun cinn.</p> <p>Táimid tiomanta do phobail fhéinchothaithe a chur chun cinn agus a spreagadh.</p>
Bithéagsúlacht, an Timpeallacht Nádúrtha, Oidhreacht agus Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (ÚTAÚTF).	<p>Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus aird á tabhairt ar thionchair an athraithe aeráide.</p> <p>Cáilíocht agus nascacht na ngnáthóg i limistéar an chontae a mhéadú, chun tairbhí don éiceolaíocht a mhéadú agus athléimneacht na bithéagsúlachta a mhéadú i leith tionchair an athraithe aeráide.</p> <p>Coinneáil bhithéagsúlachta agus Glanhnóthachan san fhorbairt a dhaingniú agus comhfhorbairt áite le nádúr a bheith mar sprioc dhearfach.</p> <p>Deiseanna a shainaithint agus a shaothrú le haghaidh feabhsú na bithéagsúlachta i sócmhainní na comhairle, agus ceannasaíocht trí eiseamláir.</p> <p>Bagairt agus tionchair Speicis Choimhthíocha Ionracha a laghdú.</p> <p>Cáilíocht an uisce a fheabhsú.</p> <p>Cáilíocht an aeir a fheabhsú.</p> <p>Cosaintí agus bainistiú an imeallbhoird a chur chun cinn.</p> <p>Oidhreacht uathúil na hÉireann a chaomhnú agus a bhainistiú ar mhaithe leis na glúine seo agus na glúnta atá le teacht.</p> <p>Léirtheiscint na hoidhreacht agus a rannchuidiú leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí a chur chun cinn agus tacú le cleachtais oidhreacht inbhuanaithe.</p> <p>Breathnaigh ar an tionchar ag an úsáid talún, ag an athrú ar úsáid talún agus ag crainn, toir agus coillearnach i dtaobh leithlisiú gás ceaptha teasa agus astaíochtaí laghdaithe de.</p> <p>Tacú le bearta oiriúnaithe don athrú aeráide maidir leis an úsáid talún, ag an athrú ar úsáid talún agus ag foraoiseacht chun carbón a leithlisiú agus athrú aeráide a mhaolú.</p>



Réimse Téama	Cuspóir
An Geilleagar	Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus d'oibrithe a bheith athléimneach i leith cleachtais tionscail atá ag athrú mar gheall ar athrú aeráide
	Táimid tiomanta gníomhú ar son na haeráide a leabú i ngach plean geilleagrach.
	Táimid tiomanta do Ghníomhú ar Son na hAeráide a chur chun cinn d'fhiontair i gContae Chorcaí.
	Táimid tiomanta do mhoil chianoibre a chur i bhfeidhm sa Chontae agus moil nua a fhorbairt.
	Táimid tiomanta feasacht a chruthú agus faisnéis a sholáthar chun bithéagsúlacht a chosaint.
	Táimid tiomanta leanúint ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara in imscrúduithe talmhaíochta.
	Táimid tiomanta don chomhoibriú maidir le huisce agus bithéagsúlacht.
	Táimid tiomanta do shláinte an phobail a chosaint maidir le huisce.
Iompar Daoine	Comhoibriú le pobail agus páirtithe leasmhara chun iompar comhtháite a fhorbairt ar fud an chontae chun astaíochta GCT a laghdú.
	Taisteal Gníomhach a Chur Chun Cinn
	Forbairt dearfacha i dtaca le hacmhainn iompair a chur chun cinn.
	Úsáid Feithiclí Leictreacha / breoslaí astaíochtaí ísle a chur chun cinn.
	Cianobair a chur chun cinn.
Dramhail	An geilleagar ciorclach a thacú agus a chur chun cinn.
	Oibriú le pobail agus páirtithe leasmhara chun deireadh a chur le bruscar agus le dumpáil.
	Astaíochtaí ó láithreáin líonadh talún na Comhairle a laghdú.
	Oibriú le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil roghanna ar fáil do dhiúscairt leithscartha dramhaíola.
Timpeallacht Thógtha (Bonneagar, Foirgnimh, Tithíocht & Oidhreacht)	Tacú le forbairt an bhonneagair fhuinnimh in-athnuaite.
	Tacú le forbairt an bhonneagair théimh cheantair.
	Tacú le forbairt an bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha poiblí.
	Deiseanna a aithint chun ábhar athchúrsáilte a úsáid i mbonneagar arna fhorbairt ag an gComhairle.
	Cabhrú le haisfheistiú fabraic fhoirgnimh d'fhoirgnimh atá ann cheana féin.
	A chinntiú go gcomhlíonann foirgnimh nua na caighdeáin rialála foirgneamh reatha.
	Giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair.
	Tacú le gníomhartha a bhaineann le tithe a iarfheistiú.
	Luchtú FL - Promhadh amach anseo ar eastáit tithíochta sóisialta.
	Feasacht Tionóntaí
An tionchar a bhíonn ag an róthéamh, an reo agus an gaoth ard laistigh den fhearann poiblí a laghdú.	



Réimse Téama	Cuspóir
	Tionchar na dtuille laistigh den fhearann poiblí a laghdú.
	Tionchar an athraithe aeráide ar bhonneagar bóithre a laghdú.

2.5 Fís Fhoriomlán agus Torthaí Straitéiseacha

Is í an mhórfhís atá ag an PGAÚÁ do CCC ná bheith ina eagraíocht aeráide atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus ar bheagán carbóin, eagraíocht a spreagann, a threoraíonn agus a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach uailmhianach cóir ar fud an chontae.

Trí ghníomhartha sonracha, intomhaiste atá dírithe ar ghníomh agus faoi cheangal ama a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, bainfidh an PGAÚÁ na torthaí straitéiseacha a leanas amach (mar a shainithnítear ag Treoirlínte na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúil):

1. Béim láidir a chur ar chur chuige bunaithe ar áit i leith ghníomhú ar son na haeráide, agus tuiscint níos fearr ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid ar leibhéal áitiúil a chur ar fáil, agus ag dul i ngleic, ag an am céanna, le cúinsí atá sonracha d'ábhar agus tacaíocht do cheapadh polasaí atá saincheaptha go háitiúil.
2. Gníomhú ar son na haeráide atá comhtháite agus bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil agus a chur chun cinn trí oiriúnú agus bearta maolaithe, atá dírithe ar thuiscint láidir ar ról agus sainchúram an údaráis áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.
3. Treoir straitéiseach a aistriú agus a chur ar fáil ar leibhéal áitiúla agus phobail maidir leis an gcuspóir aeráide náisiúnta a chur ar fáil atá ag iarraidh srian sa bhreis a chur ar an téamh domhanda agus chun athrú isteach ina gheilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi dheireadh na bliana 2050.

2.5.1 Forléargas

Faoi Alt 14B faoin Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021, tá ceanglas ar gach údarás áitiúil Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú maidir le tréimhse cúig bliana a luann go sonracha na bearta maolaithe agus oiriúnaithe a ghlacfar leo ag an údarás áitiúil. Mar a luaitear, ní mór don phlean dul i ngleic le gach réimse téamach a leanas maidir le gníomhú ar son na haeráide:

- **An tAthrú Aeráide a Mhaolú** a bhaineann le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid, a mbogaimid, a ithimid agus a dtáirgimid, ionas gur féidir táirgeadh gás ceaptha teasa díobhálach a laghdú agus/nó deireadh a chur leo. Áirítear leis chomh maith an caoi is fearr a úsáidimid ár dtalamh; agus
- **Oiriúnú don Athrú Aeráide** a thagraíonn do thionchair an athraithe aeráide a phlé agus is éard atá i gceist leis ná gníomhartha praiticiúla a dhéanamh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus seasmhach an gheilleagair a neartú (m.sh. ó thuile, tarluithe adhaimsire srl.)

De réir an riachtanais reachtúil seo, ullmhaíodh Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 (CAP) ag Comhairle Contae Chorcaí chun contae ar bheagán carbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú, trí dea-chleachtas sa ghníomhú ar son na haeráide a chur ar fáil agus a chur chun cinn, ar an leibhéal áitiúil. Tá sé sin ailínithe le Cuspóir Aeráide Náisiúnta an Rialtais atá ag iarraidh tabhairt faoi agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050, an t-aistriú go geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.



Leagtar amach sa CAP conair shoiléir do Chomhairle Contae Chorcaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartas náisiúnta maidir leis an aeráid a aistriú go gníomhach chuig cúinsí áitiúla le tús áite a thabhairt do agus dlús a chur le bearta bunaithe ar fhianaise;
- Cúnamh a thabhairt leis an gcuspóir aeráid neodrach a bhaint amach ar leibhéal áitiúla agus phobail; agus
- Crios Dícharbónaithe (CD) a aimsiú agus a chur ar fáil laistigh den limistéar údaráis áitiúil le feidhmiú mar bhinse tástála le haghaidh réimse maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bearta bithéagsúlachta i réimse atá sainaitheanta go sonrach, trí thionscadail agus torthaí a aithint a cabhróidh leis an gCuspóir Aeráide Náisiúnta a chur ar fáil.

2.5.2 [Modheolaíocht](#)

I mí Márta 2023, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Treoirlínte maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúil chun tacú leis na húdaráis áitiúla maidir leis na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúil (PGAÚÁ) a fhorbairt mar fhreagra ar Alt 16 den Acht um Leasú Aeráide 2021. Tá cúig ghné shoiléir a bhaineann leis na treoirlínte seo a thagann le chéile chun treoir láidir a chur ar fáil maidir le forbairt pleananna gníomhaithe ar son na haeráide de chuid údaráis áitiúil:

- Treoirlínte maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúil;
- Iarscríbhinn Theicniúil A: Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúil a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm;
- Iarscríbhinn Theicniúil B: Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide;
- Iarscríbhinn Theicniúil C: Measúnú ar Mhaolú Aeráide; agus
- Iarscríbhinn Theicniúil D: Crios Dícharbónaithe (CDanna).

Cuireadh oiliúint, eolas agus treoir sa bhreis leis na treoirlínte seo ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus chuir Comhairle Contae Chorcaí isteach san iomlán ar an treoir seo chun eolas a thabhairt don CAP.

2.5.3 [Forbairt an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide](#)

Maidir leis an CAP a fhorbairt, rinneadh sraith gníomhartha chun tacú le forbairt an chreata beartais mar seo a leanas:

- **Athbhreithniú ar an mBeartas** – rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar an mbeartas chun beartas agus reachtaíocht atá an cheanna agus atá ar feitheamh a mheas a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na hearnálacha agus na gníomhartha atá á meá. Áiríodh leis an athbhreithniú seo beartas an AE agus náisiúnta maidir leis an aeráid, beartas eile timpeallachta, fuinnimh agus iompair, chomh maith le beartas úsáide talún náisiúnta agus áitiúil, ar nós an Plean Forbartha Contae.
- **Athbhreithniú ar Dhea-Chleachtas** – i gceist leis seo tá athbhreithniú ar dhea-chleachtas gníomhaithe ar son na haeráide laistigh d'údaráis áitiúla eile sa Stát agus i mBallstát AE eile chun fadhbanna nua nó atá ag teacht chun cinn atá tábhachtach don chontae a aithint;



- **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara** – rannpháirtíocht shuntasach le comhairleoirí áitiúla, údaráis áitiúla in aice láimhe, saoránaigh an chontae, ceannairí gnólachtaí áitiúla agus grúpaí feirmeoireachta. Bhí sé i gceist le gach rannpháirtíocht seo iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna agus srianta maidir le gníomhú ar son na haeráide agus chun an réimse leathan tuairimí ar na príomhcheisteanna maidir leis an CAP a chur ar fáil a spreagadh;
- **Fardal maidir le Bonnínne Astaíochtaí** – a bhí ina mheasúnú ar mhaolú aeráide chun eolas a thabhairt don CAP ar na foinsí bonnlíne 2018 agus scála astaíochtaí laistigh den chontae agus an crios dícharbónaithe a aithníodh chun eolas a thabhairt do na réimsí leis an riachtanas is mó maidir le gníomhú san CAP;
- **Measúnú riosca ar athrú aeráide** - chun na rioscaí reatha agus amach anseo a thuiscint a ghabhann leis an athrú aeráide a chuireann sócmhainní agus gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chorcaí i mbaol agus chun tuiscint a fháil ar dhóchúlacht guaiseacha aeráide reatha agus amach anseo, tionchair fhéideartha na nguaiseacha seo ar leibhéil áitiúla agus phobail agus tacú le forbairt gníomhartha oiriúnaithe chun tionchair rioscaí na haeráide a sheachaint nó a laghdú; agus
- **Crios Dícharbónaithe** – an crios dícharbónaithe laistigh den chontae a aithint agus a mheas Aithníodh Maigh Chromtha mar an CD ag Comhairle Contae Chorcaí mar go bhfuil roinnt buntáistí ag Maigh Chromtha a dhéanann sé idéalach mar CD chun feidhmiú mar bhinse tástála don chontae chun inmharthanacht cur i bhfeidhm leathan na mbeart chuig bailte móra eile sa chontae a mheas.

Mar thoradh ar an mbonn fianaise a fuarthas, forbraíodh creat beartais don CAP (le creat comhchosúil don CD) de réir na treorach cuí agus cuirfear i láthair é sa CAP mar seo a leanas:

- **Fís** uileghabhálach a léiríonn dearcadh comhroinnte de thodhchaí atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de.
- **Misean** plean a labhraíonn go praiticiúil le cuspóir bunaithe an údaráis áitiúil maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chur ar fáil.
- **Cuspóirí Straitéiseacha** a leagann amach an comhthéacs maidir leis na gníomhartha ar son na haeráide agus a bhunaíonn socrú struchtúrtha nó téamach gníomhartha agus déantar iad seo a fhorbairt faoin great molta CARO de chúig chuspóir mar seo a leanas:
 - o Rialachas agus Ceannaireacht;
 - o Timpeallacht agus Iompar Forbartha;
 - o Timpeallacht Nádurtha agus Bonneagar Glas;
 - o Pobail; Teacht Aniar agus Aistrithe; agus
 - o Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní.
- **Cuspóirí** ar ardleibhéal a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha a chur ar fáil agus an bhéim chúil ar na gníomhartha a fhrámú.
- **Gníomhartha** atá sonrath, dírithe ar ghníomhú, faoi cheangal ama agus intomhaiste a léiríonn méadú ar ghníomhú uailmhianach ar leibhéal áitiúil ar son na haeráide.

Trí ghníomhartha a chur ar fáil a bheidh an príomhfhócas ar chur i bhfeidhm an phlean. Beartófar na gníomhartha seo lena chinntiú gur féidir le Comhairle Contae Chorcaí na gníomhartha seo a bhaint amach agus a chur ar fáil go praiticiúil thar an tréimhse ama a shanntar dó agus laistigh den inniúlacht atá ar fáil.



3. SCAGADH LE HAGHAIDH MEASÚNACHT CHUÍ

3.1 Réamheolas ar an Scagadh

Sa chéim seo den phróiseas sainaitnítear aon tionchair shuntasacha fhéideartha ar láithreáin Eorpacha ó thionscadal nó plean, iontu féin nó in éineacht le tionscadail nó pleananna eile.

Tá sé mar ghné thábhachtach den phróiseas MC “cuspóirí caomhantais”, “Leasanna Cáilitheacha” (Qualifying Interests, nó QIanna) agus/nó “Leasanna Caomhantais Speisialta” (Special Conservation Interests, nó SClanna) a shainithint i dtaca le láithreáin Eorpacha a dteastaíonn measúnú ina leith. Is iad na QIanna gnéithe agus speicis ghnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II den Treoir um Ghnáthóga dar ainmníodh gach láithreán Eorpach agus dar tugadh cosaint dó. Gnáthóga bogaigh is ea SClanna agus liostaítear na speicis éan laistigh d'Iarscríbhinn I agus II den Treoir maidir le hÉin. Tá sé ríthábhachtach go bpléitear na bagairtí ar na tosca éiceolaíochta/comhshaoil a theastaíonn chun tacú le QIanna agus SClanna mar chuid den mheasúnacht.

Pléadh na Cuspóirí Caomhantais Cineálacha seo a leanas den SPNF sa scagadh:

- Maidir le LCSanna, bail fhabhrach chaomhantais na gnáthóige/na ngnáthóg in Iarscríbhinn I agus/nó na speiceas in Iarscríbhinn II dar roghnaíodh an LCS a chaomhnú nó a thabhairt ar ais; agus
- Maidir le LCSanna, bail fhabhrach chaomhantais na speiceas éan a liostaítear mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA seo a chaomhnú nó a athchóiriú.

I gcás ina raibh siad ar fáil, pléadh Cuspóirí Caomhantais a bhaineann go Sonrach le Láithreán (Site-Specific Conservation Objectives, nó SSCOanna) a dearadh chun bail fhabhrach ghnáthóige ar leith5 nó speicis ar leith6 sa láithreán sin a shainmhíniú.

3.2 Láithreáin Eorpacha ábhartha a shainithint

I dTreoir maidir le Measúnacht Chuí (MC) na Roinne Comhshaoil (2009) moltar crios maolánach 15 km a phlé. Cé go bpléifí láithreáin thar an gcrios maolánach seo dá mbeadh siad ábhartha, bhíothas in ann an tátal a bhaint as athbhreithniú ar gach láithreán laistigh den chrios seo nach mbeidh iarmhairtí ag airíonna an PGAÚÁ thar an maolán 15 km toisc nach bhfuil naisc shuntasacha hidreolaíoch ann. Sa phróiseas measúnaithe, pléitear próisis hidrigeolaíoch agus na hiarmhairtí féideartha ar screamhuisce freisin i dtaca le gnáthóga agus speicis screamhuisce-íogair.

Tugtar sonraí maidir le láithreáin Eorpacha atá laistigh de 15 km de theorainn an PGAÚÁ i dTábla 3-1. Mapáiltear láithreáin Eorpacha agus abhantracha an EPA freisin i bhFigiúr 3-1 thíos. Pléadh eolas ar QIanna, SClanna leochaileachtaí agus íogaireachtaí a bhaineann go Sonrach le Láithreán (féach Aguisín I) agus eolas cúlra (amhail eolas laistigh de Thuarascáil Airteagal 17 na hÉireann don Choimisiún Eorpach, achoimrí láithreán agus foirmeacha caighdeánacha sonraí Natura 2000) i measúnacht scagtha an MC (a thugtar faoi Mhír 4) araon.

Áirítear cuspóirí caomhantais a pléadh sa mheasúnacht sna cáipéisí seo a leanas ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra:

- SPNF (2015) Cuspóirí Caomhantais do LCS Bhaile Mhac Óda (Cluain Pruachais agus an Poll Mór) [IE0000077] Leagan 2.
- SPNF (2015) Cuspóirí Caomhantais do LCS Chuan agus Coillearnach an Ghleanna Ghairbh [IE0000090] Leagan 1.



- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LCS Bhá Chloich na Coillte [IE0000091] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS na Ceachan [IE0000093] Leagan 1. NPWS (2014) Conservation Objectives for Lough Hyne Nature Reserve and Environs SAC [IE0000097] Version 1.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LCS Anaclann Dúlra agus Phurláin Loch Oighinn [IE0000097] Leagan 1.
- SPNF (2011) Cuspóirí Caomhantais do LCS Loch Trasna agus Oileáin [IE0000101] Leagan 1.
- SPNF (2021) Cuspóirí Caomhantais do LCS Rinn Mhuintir Bháire [IE0000102] Leagan 1.
- SPNF (2021) Cuspóirí Caomhantais do LCS Choill Ghort na Tiobratan [IE0000106] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS an Ghaorthaidh [IE0000108] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais don LCS ó Cheann na dTrí Chaisleán go Carn Uí Néid [IE0000109] Leagan 1.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LCS Bhá na Scealg agus Inbhear na hUíne [IE0000335] Leagan 1.
- SPNF (2018) Cuspóirí Caomhantais do LCS an tSeanfhoirgnimh Tís, Coill an Droma Mhóir [IE0000353] Leagan 1.
- SPNF (2018) Cuspóirí Caomhantais do LCS Theach Oighir Chill Gharbháin [IE0000364] Leagan 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Pháirc Náisiúnta Chill Airne, na gCruach Dubh agus abhantrach Abhainn Chárthaí [IE0000365] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS na nGaibhlte [IE0000646] Leagan 1.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais don LCS ó Bhá na hEornan go Rinn Bhaile Riosóid [IE0001040] Leagan 1.
- SPNF (2021) Cuspóirí Caomhantais do Choill Chlaondoire [IE0001043] Leagan 1.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LCS Chaol an Oileáin Mhóir [IE0001058] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS Loch Chill Chiaráin agus Dumhcha Ráth an Bharraigh [IE0001061] Leagan 1.
- SPNF (2020) Cuspóirí Caomhantais do LCS Choill Mhírois [IE0001070] Leagan 1.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LCS Inbhear Chúirt Mhic Shéafraidh [IE0001230] Leagan 1.
- SPNF (2019) Cuspóirí Caomhantais do LCS Locha Chluain Í, Loch Inse Uí Chuinn agus Coill na hIúraí [IE0001342] Leagan 1.
- SPNF (2021) Cuspóirí Caomhantais do LCS Choill Mhucshnáimha [IE0001371] Leagan 1.
- SPNF (2020) Cuspóirí Caomhantais do LCS Bhaile an Chaisleáin [IE0001547] Leagan 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Phortach Dhoire Chloichir (an Cnoc Buí) [IE0001873] Version 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Phortach an Ghleanna Mhóir [IE0001879] Leagan 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Phortach Mheall an Ghamhna [IE0001881] Leagan 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Phortach Mhullach an Ois [IE0001890] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS an tSléibhe Riabhaigh [IE0002036] Leagan 1.
- SPNF (2021) Cuspóirí Caomhantais do LCS Chnoc Charraigín na mBróinte [IE0002037] Leagan 1.
- SPNF (2018) Cuspóirí Caomhantais do LCS an tSeanfhoirgnimh Tís, Coill Chora Ghlas [IE0002041] Leagan 1.
- SPNF (2018) Cuspóirí Caomhantais do LCS an tSeanfhoirgnimh Tís, Coill Eascaibh [IE0002098] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS Ceann Airde Móire [IE0002123] Leagan 1.



- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS na Siúire Íochtair [IE0002137] Leagan 1.
- SPNF (2013) Cuspóirí Caomhantais do LCS an Ribhéir [IE0002158] Leagan 1.
- SPNF (2012) Cuspóirí Caomhantais do LCS na Sionainne Íochtair [IE0002165] Leagan 1.
- SPNF (2012) Cuspóirí Caomhantais do LCS na hAbhann Móire (Corcaigh/Port Láirge) [IE0002170] Leagan 1.
- SPNF (2019) Cuspóirí Caomhantais do LCS Abhainn na Bandan [IE0002171] Leagan 1.
- SPNF (2019) Cuspóirí Caomhantais do LCS na hAbhann Móire (Ciarraí) [IE0002173] Leagan 1.
- SPNF (2016) Cuspóirí Caomhantais do LCS Loch Drongáin [IE0002187] Leagan 1.
- SPNF (2018) Cuspóirí Caomhantais do LCS Loch an Fhearainn Mheánaigh [IE0002189] Leagan 1.
- SPNF (2019) Cuspóirí Caomhantais do LCS Shliabh na Móna Oidhre [IE0002257] Leagan 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Mhionduirling Dhún Béacáin [IE0002280] Leagan 1.
- SPNF (2017) Cuspóirí Caomhantais do LCS Mhionduirling na Rinne [IE0002281] Leagan 1.
- SPNF (2018) Cuspóirí Caomhantais do LCS Choill Ghleann Locha [IE0002315] Leagan 1.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS an tSeanchinn [IE0004021] Leagan 9.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LfCS Bhá Bhaile Choitín [IE0004022] Leagan 1.
- SPNF (2015) Cuspóirí Caomhantais do LfCS Bhá Bhaile Mhac Óda [IE0004023] Leagan 1.
- SPNF (2012) Cuspóirí Caomhantais do LfCS Inbhear na hAbhann Móire [IE0004028] Leagan 1.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LfCS Chuan Chorcaí [IE0004030] Leagan 1.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Pháirc Náisiúnta Chill Airne [IE0004038] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS an Tairbh agus na Bó [IE0004066] Leagan 9.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LfCS Bhá Chloich na Coillte [IE0004081] Leagan 1.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Chalaí na hAbhann Móire [IE0004094] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Phortach Chill Cholmáin [IE0004095] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS an Ghaorthaidh [IE0004109] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Oileáin an tSabhrain [IE0004124] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Leithinis Uíbh Ráthaigh [IE0004154] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Leithinis Bhéarra [IE0004155] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha don LfCS ó Rinn Mhuintir Bháire go Ceann Tuaithe [IE0004156] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha don LfCS ó Chnoc an Stacaigh go Mullach an Radhairc, Cnoic Luimnigh Thiar agus Sliabh an Iolair [IE0004161] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha don LfCS ó Mhullach an Ois go Sléibhte Mhúisire Mór [IE0004162] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Deenish Island agus na Scairbhe [IE0004175] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha don LfCS ó Cheann Dhún dTéide go Ceann an Dúinín [IE0004190] Leagan 9.
- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS na Seacht gCeanna [IE0004191] Leagan 9.



- SPNF (2022) Cuspóirí Caomhantais Cineálacha do LfCS Cheann Heilbhic go Baile Uí Chuinn [IE0004192] Leagan 9.
- SPNF (2014) Cuspóirí Caomhantais do LfCS Bhá Chúirt Mhic Shéafraidh [IE0004219] Leagan 1.

Pléitear sa Mheasúnacht cuspóirí caomhantais atá ar fáil. Ós rud é go ndírítear sna cuspóirí caomhantais ar choinníollacha fabhracha a chaomhnú i Qlanna/SClanna gach láithreáin, díriodh sa phróiseas scagtha ar iarmhairtí féideartha an PGAÚÁ a mheasúnú le taobh Qlanna/SClanna gach láithreáin. Chuathas i gcomhairle leis na cuspóirí caomhantais le linn phróiseas an mheasúnaithe.

3.3 Critéir Mheasúnaithe agus Scagadh

3.3.1 [An bhfuil an PGAÚÁ Riachtanach chun na Láithreáin Eorpacha a Bhainistiú?](#)

Ní hé cuspóir uileghabhálach an PGAÚÁ caomhantais dúlra a bhainistiú sna láithreáin ach foráil a dhéanamh do chur chuige soiléir comhordaithe i leith ghníomhú ar son na haeráide laistigh den Chontae. Dá bhrí sin, ní mheastar go bhfuil an PGAÚÁ ceangailte go díreach le bainistíocht na láithreán Eorpach ná riachtanach di sin.

3.3.2 [Gnéithe den PGAÚÁ a bhféadfadh iarmhairtí a bheith ann dá mbarr](#)

Tugtar creat sa PGAÚÁ chun limistéar teorann na Comhairle a fhorbairt go hinbhuanaithe. Tá roinnt íogaireachtaí comhshaoil laistigh den limistéar agus léirítear i measúnú ar na hiarmhairtí go mbaineann na hiarmhairtí féideartha leis na nithe seo a leanas:

- *Ag eascairt as tógáil agus oibriú bonneagair forbartha agus bonneagair ghaolmhair:*
 - *Caillteanas bithéagsúlachta/dochar don bhithéagsúlacht i láithreáin ainmnithe (lena n-áirítear láithreáin Eorpacha agus láithreáin fiadhúlra) agus i dtaca le gnáthóga agus speicis larscríbhíne; speicis liostaithe, nascacht éiceolaíoch agus gnáthóga neamhainmnithe; agus suaitheadh sa bhithéagsúlacht agus i bhflóra agus fána;*
 - *Caillteanas gnáthóige, ilroinnt agus meath, lena n-áirítear méid an gheadáin agus iarmhairtí imill; agus*
 - *Suaitheadh (e.g. de bharr torainn agus soilsithe feadh conairí iompair) agus suaitheadh speiceas faoi chosaint.*
- *Idirghníomhuithe féideartha i gcás iarmhairtí ar veicteoirí comhshaoil amhail uisce agus aer.*
- *Drochiarmhairtí ó thurasóireacht, conláistí agus áineas.*
- *Dochar d'fheidhm hidrigeolaíoch agus éiceolaíoch na hacmhainne ithreach.*
- *Drochiarmhairtí do stádas dobharlach ag eascairt as athruithe ar an gcaighdeán, an sreabhadh agus/nó an mhoirfeolaíocht.*
- *Méadú ar an mbaol tuile.*
- *Mainneachtain cóireáil fuíolluisce leordhóthanach agus chúil a chur ar fáil (teastaíonn bonneagar seirbhísí uisce agus toilleadh le maolú coimhlintí féideartha a chinntiú).*
- *Astaíochtaí san aer, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí eile.*




Tá baint ag na gnéithe den Dréacht den PGAÚÁ is mó a bhféadfadh na hiarmhairtí a léirítear thuas eascairt astu le gnéithe den chéim thógála de chur i bhfeidhm an Dréachta den PGAÚÁ. Tá na gnéithe den chéim oibriúcháin den Dréacht den PGAÚÁ i gcomhréir le bail reatha an limistéir. Pléitear gach polasaí agus cuspóir sa mheasúnú seo i dtaca le sláine éiceolaíoch gach cinn de na láithreáin Eorpacha arna sainaitheint.

3.3.3 Láithreáin a Scagadh

I dTábla 3.1 scrúdaítear cé acu a d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ann do láithreáin Eorpacha nó nach bhféadfadh i bhfianaise an eolais a thugtar thuas, lena n-áirítear Aguisín I. Scagtar láithreáin bunaithe ar cheann amháin nó meascán de na critéir seo a leanas:

- An seans go bhféadfadh conairí a bheith ann d'iarmhairtí suntasacha, amhail naisc hidreolaíocha, tograí ón PGAÚÁ agus an láithreán atá le scagadh;
- An fad idir an láithreán ábhartha agus teorainn an PGAÚÁ; agus
- Nasc a bheith ann idir bagairtí nó leochaileachtaí sainaitheanta ar láithreán i leith tionchair fhéideartha a d'fhéadfadh eascairt as an PGAÚÁ.

Mapping Reproduced Under Licence from the Ordnance Survey Ireland Licence No. CHAL5021678 © Government of Ireland. Creative and Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence <https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>.
No imagery, Earthstar Geographics, OpenStreetMap, © OpenStreetMap (and) contributors, CC-BY-SA



- Legend**
- Local Authority Boundaries
 - Rivers
- WFD Catchments**
- Catchment Name**
- Bandon-Ilen
 - Blackwater (Munster)
 - Colligan-Mahon
 - Dunmanus-Bantry-Kenmare
 - Laune-Maine-Dingle Bay
 - Lee, Cork Harbour and Youghal Bay
 - Lower Shannon
 - Shannon Estuary North
 - Shannon Estuary South
 - Suir
 - Tralee Bay-Feale

Hydrology	
CORK COUNTY COUNCIL Local Authority Climate Action Plans	
FIGURE NO:	3.2
CLIENT:	CORK COUNTY COUNCIL
DATE: 15/08/2023	SCALE: 1:612,500 @ A3





Tábla 3-1: Láithreáin Eorpacha a bhfuil conairí éiceolaíocha acu a scagadh le haghaidh iarmhairtí féideartha

Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Fad (km)	Gné Cháilitheach (Leasanna Cáilitheacha agus Leasanna Caomhantais Speisialta)	Iarmhairtí Féideartha	Conair d'Iarmhairtí Suntasacha ann	Seans ann go bhféadfadh iarmhairtí i dteaghlaim a bheith ann
000077	LCS Bhaile Mhac Óda (Cluain Pruachais agus an Poll Mór)	0	Inbhir [1130], móinéir salainn Atlantacha (Gluco- Puccinellietalia maritima) [1330], móinéir salainn Mheánmhara (Juncetalia maritimi) [1410], Réileáin láibe agus réileán ghainimh nach gclúdaíonn an sáile iad le lag trá [1140], Salicornia agus bliantóga eile a choilíníonn láib agus gaineamh [1310]	Tá an Láithreán Eorpach suite laistigh de limistéar PGAÚÁ Chontae Chorcaí. Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhféadfadh athrú talamhúsáide agus forbairt bonneagair, etc. a bheith ann mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iarmhairtí amhail idirghníomhuithe hidreolaíocha, tógáil talún, suaitheadh, etc. a bheith ann. D'fhéadfadh tionchar a bheith acu siúd ar Láithreáin Eorpacha. Mar sin, d'fhéadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ann don Láithreán Eorpach seo agus dá Leasanna Cáilitheacha mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a mholtar faoinn PGAÚÁ.	Tá	Tá
004219	LfCS Bá Chúirt Mhic Sheáfraidh	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LfCS seo le háineas, bainistíocht dramhaíola, agus talmhaíocht.</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc.</p> <p>Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Tréithriú ar Iarmhairtí Féideartha
002137	LCS na Siúire Íochtair	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LfCS seo le talmhaíocht, bainistíocht dramhaíola, bainistíocht ar úsáid talún, tuilte, athrú ar úsáid talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, bonneagar, speicis ionracha, agus foraoiseacht.</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc.</p> <p>Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>
001342	LCS Locha Chluain Í, Loch Inse Uí Chuinn agus Choill na hlúraí	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LCS seo le bainistíocht dramhaíola, innilt, foraoiseacht, talmhaíocht, speicis ionracha, áineas, agus dó.</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc.</p> <p>Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>
002315	LCS Coill Ghleann Locha	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LCS seo le talmhaíocht</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc.</p> <p>Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>
004154	LfCS Leithinis Uíbh Ráthaigh	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LfCS seo le creachóireacht, talmhaíocht, agus iomaíocht.</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc.</p> <p>Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Tréithriú ar Iarmhairtí Féideartha
004175	LfCS Deenish Island agus na Scairbhe	<p>Ní ann do bhagairtí ná brúnna atá ar eolas ar an LfCS seo</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc. Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>
004192	LfCS ó Cheann Heilbhic go Baile Uí Chuinn SPA	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LfCS seo le hiompar, speicis ionracha, agus creimeadh.</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc. Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>
004038	LfCS Pháirc Náisiúnta Chill Airne	<p>Baineann na bagairtí agus na brúnna atá ar eolas sa LfCS seo le bonneagar, áineas, bainistíocht ar úsáid talún, iomaíocht, foraoiseacht, agus talmhaíocht.</p> <p>Déantar foráil sa PGAÚÁ do ghníomhartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú ar astaíochtaí carbóin a chomhordú agus a éascú. Tá cuid de na gníomhartha mar thaca le bonneagar a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha, amhail tógáil talún, idirghníomhuithe hidreolaíocha, athruithe ar úsáid talún, etc. Dá bhrí sinn, teastaíonn bearta maolaitheacha lena chinntiú nach n-imreoidh aon tionchair den chineál sin ar shláine éiceolaíoch an láithreáin Eorpaigh. Sonraítear na bearta seo i Mír 5 thíos.</p>



5. BEARTA MAOLAITHEACHA

Tugtar breac-chuntas sa mhír seo ar bhearta a tugadh isteach sa PGAÚÁ chun iarmhairtí féideartha do láithreáin Eorpacha mar a shainaithnítear iad thuas a mhaolú. Ullmhaíodh an PGAÚÁ ar bhealach atriallach ina raibh an Plean agus na cáipéisí MC mar threoir ag leaganacha den cheann eile ina dhiaidh sin. Cinntítear leis na bearta maolaitheacha seo nach mbeidh iarmhairtí suntasacha ar shláine éiceolaíoch aon láithreáin Eorpaigh de bharr chur i bhfeidhm an PGAÚÁ. Sainaithnítear na bearta maolaitheacha is ábhartha maidir le láithreáin Eorpacha a chosaint i dTábla 5-1 thíos.⁵⁶ Coinníodh cuid de na bearta seo, agus comhtháthaíodh agus/nó nuashonraíodh a lán díobh sa Phlean reatha trí na próisis MST agus MC don Phlean sin.

Rinneadh próiseas déanta an phlean i gcomhthráth le próisis an MST agus an MC. Bhíodh teagmháil agus caidreamh rialta idir foireann na measúnachta comhshaoil agus foireann déanta an phlean. Cuireadh cúrsaí comhshaoil a tháinig chun cinn le linn na bpróiseas MST agus MC, lena n-áirítear próisis chomhairliúcháin, in iúl go rialta d'fhoireann déanta an phlean le linn phróiseas déanta an phlean. De réir mar ba ghá, forbraíodh bearta maolaitheacha comhshaoil chun iarmhairtí diúltacha féideartha don chomhshaoil de bharr chur i bhfeidhm an PGAÚÁ a fheabhsú agus ansin comhtháthaíodh iad sa PGAÚÁ. Leabaíodh a lán den mhaolú comhshaoil sa phlean go luath sa phróiseas mar thoradh air seo. Rinneadh an próiseas seo ar bhealach atriallach leis an bpleanáil agus na torthaí comhshaoil is fearr a chinntiú. Comhtháthaíodh cúrsaí comhshaoil sa phlean freisin chun uasmhéadú iarmhairtí dearfacha comhshaoil an PGAÚÁ arna sainaithint a éascú.

Moladh bearta maolaitheacha lena n-uasmhéadaítear comhbhuntaístí an ghníomhaithe ar son na haeráide do ghnéithe eile comhshaoil amhail caighdeán an aeir áitiúil, sláinte daoine, bithéagsúlacht, cáilíocht an uisce agus réimsí idirghaolmhara eile (i.e. réitigh a bheidh ina mbuntaístí ag gach páirtí).

Lena chois sin, ceanglaíodh téacs breise le gníomhartha sainithe éagsúla sa phlean ina soiléirítear dualgais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus deiseanna chun an comhshaoil a fheabhsú. Cuireadh an téacs seo in oiriúint lena chinntiú go gcuirfeadh cúrsaí comhshaoil san áireamh go cuí le linn chur i bhfeidhm an phlean. Arís, cuireadh an téacs seo in oiriúint lena chinntiú go gcruthófar an t-íosleibhéal iarmhairtí diúltacha don chomhshaoil agus an t-uasleibhéal iarmhairtí dearfacha don chomhshaoil de bharr chur i bhfeidhm an phlean.

SeveBunaíodh roinnt prionsabail rialachais comhshaoil lena chinntiú go gcruthófar an t-íosleibhéal iarmhairtí diúltacha comhshaoil agus an t-uasleibhéal iarmhairtí dearfacha comhshaoil de bharr chur i bhfeidhm an phlean (Tábla 5-2). Beidh na prionsabail rialachais comhshaoil seo mar bhonn agus thaca agus treoir ag cur i bhfeidhm an phlean agus beidh feidhm acu agus comhtháthófar iad le gach gníomh/gníomhaíocht a bheidh ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an phlean.

⁵⁶ Chun teacht ar mheasúnú iomlán ar an bPlean, le taobh gach coda comhshaoil (is éard atá sna codanna seo ná bithéagsúlacht, fána, flóra, líon, sláinte an duine, ithir, uisce, aer, tosca aeráide, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha lena n-áirítear oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta, tírdhreach agus an t-idirghaol idir na tosca thuas) féach ar an Tuarascáil ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST).



Tábla 5-1 Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean

Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
4.3.1.1.1	Measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éileamh, e.g. foirgnimh, trealamh, etc. chun deiseanna chun fáil réidh le héilimh a shainaitint	Leis an ngníomh seo, cuirfear éifeachtúlacht fuinnimh eagraíochtúil chun cinn laistigh den eagraíocht údaráis áitiúil. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag lagduithe eagraíochtúla ar astaíochtaí GCT. Ní dócha go mbeidh drochiarmhairt éiceolaíoch ann de bharr an ghnímh seo.	Foinsí éilimh ar leictreachas a mheasúnú, e.g. foirgnimh, trealamh, etc chun deiseanna chun fáil réidh le héilimh a shainaitint
4.3.1.1.2	Soilsiú a uasghrádú go LED i gcás ina bhfuil sé inmharthana ó thaobh airgeadais de	Beidh an gníomh seo mar thaca ag an údarás áitiúil lena astaíochtaí GCT eagraíochtúla a laghdú ar aon dul le polasaí agus reachtaíocht aeráide agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí. Is dócha go mbeidh iarmhairt bheag dhearfach don chomhshaol ag an ngníomh seo ó thaobh astaíochtaí GCT de, ach d'fhéadfadh an speictream solais ó fhoinsí LED tionchar a imirt ar speicis oíche. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iarmhairt bheag dhiúltach a bheith ann mura maolaítear é seo.	Soilsiú a uasghrádú go LED i gcás ina bhfuil sé inmharthana ó thaobh airgeadais de, agus a chinntiú ag an am céanna go gcoinneofar nó go laghdófar/srianfar leibhéil na lúman agus an raon speictreach.
4.3.1.1.3	Deiseanna a fhiosrú maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh chun tionscadail a shainaitint don chlár feidhmithe bliantúil	Tá an gníomh seo taighdebhunaithe agus ní bheidh aon fhíor-iarmhairt aige don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é. Beidh an gníomh seo mar thaca ag an údarás áitiúil lena astaíochtaí GCT eagraíochtúla a laghdú ar aon dul le polasaí agus reachtaíocht aeráide agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí. Is dócha go mbeidh iarmhairt bheag dhearfach don chomhshaol ag an ngníomh seo - ag féachaint don sciar de lagduithe astaíochtaí GCT ar féidir tacú leo tríd an ngníomh seo i gcoibhneas le spriocanna agus ceanglais náisiúnta maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca chun bonneagar fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a fhorbairt ar láithreáin údaráis áitiúil. D'fhéadfadh drithle agus dalladh tionchair dhiúltacha a imirt ar ghabhdóirí íogaire comhshaoil mar gheall ar fhorbairt painéal fótavoltach (PV) ar fhoirgnimh de chuid na Comhairle.	Deiseanna a fhiosrú maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh chun tionscadail a shainaitint don chlár feidhmithe bliantúil, agus aird chúil á tabhairt ar chúrsaí pleanála agus cúrsaí cosanta comhshaoil.



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
4.3.1.1.4	Roghanna níos éifeachtúla a chur in ionad an trealaimh atá ann cheana féin i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de.	Is dócha go gcuirfear laghdú ar úsáid leictreachais chun cinn laistigh den údarás áitiúil leis an ngníomh seo - d'fhéadfadh méid áirithe iarmhairtí dearfacha a bheith ann don aeráid mar thoradh air seo. D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a bheith ann mar thoradh ar bhainistíocht mhíchuí ar DTLL.	Roghanna níos éifeachtúla a chur in ionad an trealaimh atá ann cheana féin i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de, agus a chinntiú go ndéanfar bainistíocht chuí ar DTLL a chruthófar mar thoradh ar an ngníomh seo ag an am céanna.
4.3.1.2.1	Foinsí éilimh a mheasúnú le deiseanna chun fáil réidh le héilimh a shainaitheint	Leis an ngníomh seo, cuirfear éifeachtúlacht fuinnimh eagraíochtúil chun cinn laistigh den eagraíocht údarais áitiúil. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag laghdúithe eagraíochtúla ar astaíochtaí GCT. Ní dócha go mbeidh drochiarmhairt éiceolaíoch ann de bharr an ghnímh seo.	Foinsí éilimh ar théamh a mheasúnú le deiseanna chun fáil réidh le héilimh a shainaitheint
4.3.1.2.2	Deiseanna a mheasúnú chun roghanna in-athnuaite a úsáid in ionad dóirí ola/gáis chun tionscadail a shainaitheint don chlár feidhmithe bliantúil	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh measúnúbhunaithe seo don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é. Is dócha go gcuirfear laghdú ar úsáid ola/gáis chun cinn laistigh den údarás áitiúil leis an ngníomh seo - d'fhéadfadh méid áirithe iarmhairtí dearfacha a bheith ann don aeráid mar thoradh air seo. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca chun córais fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a fhorbairt ar láithreáin údarais áitiúil, agus d'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith ann don chomhshaol mar thoradh air. D'fhéadfadh drithle agus dalladh tionchair dhiúltacha a imirt ar ghabhdóirí íogaire comhshaoil mar gheall ar fhorbairt painéal fótavoltach (PV) ar fhoirgnimh de chuid na Comhairle.	Deiseanna a mheasúnú chun roghanna in-athnuaite a úsáid in ionad dóirí ola/gáis chun tionscadail a shainaitheint don chlár feidhmithe bliantúil; agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí pleanála agus cúrsaí cosanta comhshaoil.
4.3.1.2.3	Deiseanna a mheasúnú chun insliú foirgnimh a uasghrádú chun tionscadail a shainaitheint don chlár feidhmithe bliantúil	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh measúnúbhunaithe seo don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é. D'fhéadfadh iarmhairtí logánta, lena n-áirítear tionchair ó dheannach agus torann, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha uasghrádaithe nó iarfheistithe a bhaineann leis an ngníomh seo, nó d'fhéadfadh na hoibreacha sin tionchar a imirt ar stádas caomhantais struchtúr faoi chosaint arna n-uasghrádú.	Deiseanna a mheasúnú chun insliú foirgnimh a uasghrádú chun tionscadail a shainaitheint don chlár feidhmithe bliantúil; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí áitiúla daonna, speicis faoi chosaint, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
			an gá le struchtúir atá faoi chosaint a chaomhnú ar bhealach cuí.
4.3.1.2.4	Deiseanna a mheasúnú chun aerdhíonacht foirgnimh a uasghrádú chun tionscadail a shainathint don chlár feidhmithe bliantúil	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh measúnúbhunaithe seo don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é. D'fhéadfadh iarmhairtí logánta, lena n-áirítear tionchair ó dheannach agus torann, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha uasghrádaithe nó iarfheistithe a bhaineann leis an ngníomh seo. D'fhéadfadh uasghráduithe den chineál sin tionchar a imirt ar stádas caomhantais struchtúr nó gnéithe faoi chosaint.	Deiseanna a mheasúnú chun inliú foirgnimh a uasghrádú chun tionscadail a shainathint don chlár feidhmithe bliantúil; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí áitiúla daonna, speicis faoi chosaint, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá le struchtúir atá faoi chosaint a chaomhnú ar bhealach cuí.
4.3.1.3.1	Foinsí éilimh a mheasúnú le deiseanna chun fáil réidh le héilimh a shainathint	Leis an ngníomh seo, cuirfear éifeachtúlacht fuinnimh eagraíochtúil chun cinn laistigh den eagraíocht údaráis áitiúil. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag laghdú eagraíochtúla ar astaíochtaí GCT.	Foinsí éilimh ar iompar a mheasúnú le deiseanna chun fáil réidh le héilimh a shainathint
4.3.1.3.2	Deiseanna a mheasúnú chun feithiclí leictreacha a chur in ionad feithiclí atá ann cheana féin i gcás ina bhfuil roghanna eile ar fáil agus ina bhfuil an t-ídiú inmharthana ó thaobh airgeadais de chun tionscadail a shainathint don chlár feidhmithe bliantúil	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh measúnúbhunaithe seo don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag laghdú ar astaíochtaí ó fheithiclí sa Chontae.	Deiseanna a mheasúnú chun feithiclí leictreacha a chur in ionad feithiclí atá ann cheana féin i gcás ina bhfuil roghanna eile ar fáil agus ina bhfuil an t-ídiú inmharthana ó thaobh airgeadais de chun tionscadail a shainathint don chlár feidhmithe bliantúil agus a chinntiú ag an am céanna go bhfoinseofar fuinneamh/breosla chun cumhacht a sholáthar d'fheithiclí leictreacha ar bhealach inbhuanaithe, agus go mbeidh cleachtais chuí bhainistíochta ré caite i bhfeidhm i gcomhair Feithiclí Leictreacha.
4.3.1.3.3	Deiseanna a mheasúnú chun breoslaí astaíochtaí ísle a úsáid i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de chun	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh measúnúbhunaithe seo don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é. Beidh iarmhairt bheag ann don aeráid mar thoradh ar mhéadú ar an líon feithiclí ag an údarás áitiúil a úsáideann foinsí inbhuanaithe breosla.	Deiseanna a mheasúnú chun breoslaí astaíochtaí ísle a úsáid i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de chun tionscadail a shainathint don chlár feidhmithe bliantúil agus a chinntiú ag an am céanna go



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaídh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	tionscadail a shainaitheint don chlár feidhmithe bliantúil thaobh airgeadais de.		bhfoinseofar fuinneamh/breosla chun cumhacht a sholáthar d'fheithiclí astaíochtaí ísle ar bhealach inbhuanaithe.
4.3.1.4.2	Roghanna níos éifeachtúla a chur in ionad an trealaimh atá ann cheana féin i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus inmharthana ó	Is dócha go gcuirfear laghdú ar úsáid leictreachais chun cinn laistigh de Chomhairle Contae Chorcaí leis an ngníomh seo - d'fhéadfadh méid áirithe iarmhairtí dearfacha a bheith ann don aeráid mar thoradh air seo. D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar bhainistíocht mhíchuí ar DTLL.	Roghanna níos éifeachtúla a chur in ionad an trealaimh atá ann cheana féin i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de, agus a chinntiú go ndéanfar bainistíocht chuif ar DTLL a chruthófar mar thoradh ar an ngníomh seo ag an am céanna.
4.2.1.6.2	Ní mór aird a thabhairt ar spriocanna laghdaithe carbóin 2030 agus 2050 nuair a chuirtear leis na sócmhainní atá ann cheana féin nó nuair a chuirtear sócmhainní eile ann ina n-ionad.	Fónfaidh an gníomh seo chun gníomhú eagraíochtúil ar son na haeráide agus forbairt/oiriúnú polasaithe atá dearfach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn. Tá an gníomh seo mar thaca le fíis agus cuspóirí an phlean a fhíoriú ina n-iomláine laistigh den údarás áitiúil.	Ní mór aird a thabhairt ar spriocanna laghdaithe carbóin gás ceaptha teasa 2030 agus 2050 nuair a chuirtear leis na sócmhainní atá ann cheana féin nó nuair a chuirtear sócmhainní eile ann ina n-ionad.
4.4.1.1.2	An tionscadal HYBES 'saotharlann bheo', arna mhaoiniú ag an AE, a thriail sa chrios dícharbónaithe.	D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag laghdú ar astaíochtaí GCT laistigh den Údarás Áitiúil. D'fhéadfadh an gníomh seo tacú le fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt nó oibreacha uasghrádaithe foirgnimh, agus d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha tógála nó oibriúcháin a bheith ann mar thoradh air, lena n-áirítear iarmhairtí don bhithéagsúlacht, iarmhairtí do chaighdeán an aeir agus iarmhairtí maidir le torann sa limistéar, agus iarmhairtí do stádas caomhantais struchtúr faoi chosaint.	An tionscadal HYBES 'saotharlann bheo', arna mhaoiniú ag an AE, a thriail sa chrios dícharbónaithe; agus aird chuif á thabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí íogaire daonna, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá le struchtúir atá faoi chosaint a chaomhnú ar bhealach cuif.
4.4.1.8.2	Leanúint de 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' agus glasbhealaí comharsanachta	D'fhéadfaí aistriú córa iompair agus úsáid gréasán i gcomhair taisteal gníomhach a spreagadh mar thoradh ar an ngníomh seo. Tá an gníomh seo mar thaca chun bonneagar breise a fhorbairt i gcomhair taisteal gníomhach.	Leanúint de 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' agus glasbhealaí comharsanachta a chur i bhfeidhm chun bonneagar áitiúil um thaisteal gníomhach a



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	a chur i bhfeidhm chun bonneagar áitiúil um thaisteal gníomhach a fheabhsú níos mó.	In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le bonneagar breise a thógáil i gcomhair taisteal gníomhach. D'fhéadfadh méid áirithe iarmhairtí dearfacha don chomhshaol a bheith ann tríd an ngníomh seo freisin de bharr laghdú ar úsáid feithiclí.	fheabhsú níos mó; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus caighdeán an aeir áitiúil.
4.4.1.8.3	Leanúint de na Bratacha Glasa i gcomhair Taisteal Gníomhach a chur chun cinn agus de thacaíocht a thabhairt dóibh.	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh bolscaireachta seo ann féin. Tá an gníomh seo mar thaca ag aistriú córa iompair féideartha agus úsáid gréasán i gcomhair taisteal gníomhach. Tá an gníomh seo mar thaca chun bonneagar breise a fhorbairt i gcomhair taisteal gníomhach. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le bonneagar breise a thógáil i gcomhair taisteal gníomhach. D'fhéadfadh méid áirithe iarmhairtí dearfacha don chomhshaol a bheith ann tríd an ngníomh seo freisin de bharr laghdú ar úsáid feithiclí.	Leanúint de Bhratacha Glasa i gcomhair Taisteal Gníomhach a chur chun cinn agus de thacaíocht a thabhairt dóibh; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus caighdeán an aeir áitiúil.
4.4.1.8.5	Leanúint d'fhorbairt tionscnamh iompair inbhuanaithe ón mbun aníos agus dul i dteagmháil le pobail maidir le tionscnaimh nua nuair is cuí.	Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh bolscaireachta/rannpháirtíochta seo ann féin. Tá an gníomh seo mar thaca ag aistriú córa iompair féideartha agus úsáid gréasán i gcomhair taisteal gníomhach. Tá an gníomh seo mar thaca chun bonneagar breise a fhorbairt i gcomhair taisteal gníomhach. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar	Leanúint d'fhorbairt tionscnamh iompair inbhuanaithe ón mbun aníos agus dul i dteagmháil le pobail maidir le tionscnaimh nua nuair is cuí; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir áitiúil, etc.



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmaid Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
		bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le bonneagar breise a thógáil i gcomhair taisteal gníomhach. D'fhéadfadh méid áirithe iarmhairtí dearfacha don chomhshaol a bheith ann tríd an ngníomh seo freisin de bharr laghdú ar úsáid feithiclí.	
4.5.1.2.2	Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun bogaigh a shainnaint, agus tacaíocht a thabhairt do chlár athfhluchta agus athchóirithe.	Soláthróidh an gníomh seo sonraí bonnlíne tábhachtacha chun bogaigh atá ann cheana féin laistigh den Chontae a chosaint agus a fheabhsú. Beidh iarmhairtí dearfacha ann do bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce mar thoradh ar athfhluchadh agus athchóiriú bogach agus féadann ceapadh méadaithe GCT a bheith ann dá mbarr freisin. In éagmais dearadh cuí, d'fhéadfadh oibreacha athfhluchta agus athchóirithe bogach tionchar a imirt nó cur isteach ar ghnáthóga tábhachtacha nó speicis thábhachtach atá ar na bogaigh, agus d'fhéadfadh tionchair idir bheag agus mhór a bheith ann don chomhshaol dá mbarr. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag oibreacha den chineál sin ar cháilíocht an uisce agus hidreolaíocht freisin.	Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun bogaigh a shainnaint, agus tacú le clár athfhluchta agus athchóirithe, agus tionchar agus smacht a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí, chun cur i gcrích clár den chineál sin a chur chun cinn de réir riachtanais ábhartha cosanta comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, gnáthóga agus riachtanais a bhaineann le speicis faoi chosaint.
4.5.1.2.6	Deiseanna a shainnaint chun naisc éiceolaíoch a chaomhnú, a fheabhsú agus a fhorbairt idir limistéir a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu, trí líonraí bonneagair ghlais, conairí fiadhúlra, etc.	Beidh réimse leathan iarmhairtí dearfacha idir bheag agus an-mhór ar bhithéagsúlacht, agus iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mór ag an ngníomh seo ar cháilíocht an uisce agus hidreolaíocht. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le bonneagar glas, conairí fiadhúlra, etc. a thógáil.	Deiseanna a shainnaint chun naisc éiceolaíoch a chaomhnú, a fheabhsú agus a fhorbairt idir limistéir a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu, trí líonraí bonneagair ghlais, conairí fiadhúlra, etc.; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus caighdeán an aeir áitiúil.
4.5.1.3.1	Glanghnóthachan bithéagsúlachta a chur chun cinn i ngach forbairt nua phoiblí agus phríobháideach; a éileamh go gcuirfear	Beidh réimse leathan iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór ar an mbithéagsúlacht agus ar an aeráid ag an ngníomh seo. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun	Glanghnóthachan bithéagsúlachta a chur chun cinn i ngach forbairt nua phoiblí agus phríobháideach; a éileamh go gcuirfear ráiteas bonneagair ghlais isteach i gcomhair gach forbartha, agus a chinntiú go gcuirfear ceanglais



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	ráiteas bonneagair ghlais isteach i gcomhair gach forbartha. Leanúint de shaineolas éiceolaíochta a chomhtháthú laistigh den phróiseas bainistíochta forbartha, ag céimeanna réamhphleanála agus iarratais pleanála san áireamh.	srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le bonneagar glas atá ann cheana féin a fheabhsú nó le bonneagar glas nua a thógáil.	cosanta comhshaoil san áireamh ar bhealach cuí le linn do bhonneagar glas a bheith á phleanáil. Leanúint de shaineolas éiceolaíochta a chomhtháthú laistigh den phróiseas bainistíochta forbartha, ag céimeanna réamhphleanála agus iarratais pleanála san áireamh.
4.5.1.3.2	Leanúint de shaineolas éiceolaíochta agus cosaintí bithéagsúlachta a chomhtháthú trí bhearta comhfhobartha áite i bhforbairt agus bainistíocht tionscadal poiblí lena n-áirítear tionscadail tithíochta, bonneagair iompair agus ríochta poiblí, etc;	Beidh an gníomh seo mar thaca ag bithéagsúlacht go coitianta le linn do thionscadail poiblí a bheith á bhforbairt agus á mbainistiú. Is dócha go mbeidh iarmhairt dhearfach aige seo don chomhshaol go coitianta. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le bearta cosanta bithéagsúlachta a chomhtháthú i bhforbairt tionscadal poiblí.	Leanúint de shaineolas éiceolaíochta agus cosaintí bithéagsúlachta a chomhtháthú trí bhearta comhfhobartha áite i bhforbairt agus bainistíocht tionscadal poiblí lena n-áirítear tionscadail tithíochta, bonneagair iompair agus ríochta poiblí, etc; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus caighdeán an aeir áitiúil.
4.5.1.4.2	Tabhairt faoi athbhreithniú ar eastáit tithíochta faoi úinéireacht na comhairle atá ann cheana féin chun tacú le cónaitheoirí le limistéir a bheadh oiriúnach do bhearta cosanta bithéagsúlachta a shainaithint de réir dea-chleachtais (e.g. plandú	D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag bearta cosanta bithéagsúlachta. Beidh iarmhairt dhearfach ag an ngníomh seo do bhithéagsúlacht, flóra agus fána. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag plandú crann neamhdhúchasach/ionrach ar bhithéagsúlacht.	Tabhairt faoi athbhreithniú ar eastáit tithíochta faoi úinéireacht na comhairle atá ann cheana féin chun tacú le cónaitheoirí le limistéir a bheadh oiriúnach do bhearta cosanta bithéagsúlachta a shainaithint de réir dea-chleachtais (e.g. plandú crann dúchasach, móinéir bláthanna fiáine, criosanna pailneoirí, etc.).



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmaid Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	crann dúchasach, móinéir bláthanna fiáine, criosanna pailneoirí, etc.).		
4.5.1.4.3	Réimse treoirscéimeanna féideartha a shainithint chun bearta inbhuanaithe a léiriú, lena n-áirítear córais draenála inbhuanaithe (SuDS) bunaithe ar an dúlra; agus dearadh treorach bunaithe ar bhithéagsúlacht agus ar an aeráid a dhéanamh i gcomhair forbairtí tithíochta sóisialta arna dtreorú ag an gComhairle ina bhfuil bearta amhail díonta glasa, ballaí glasa, córais draenála inbhuanaithe bogach agus linnte, páirceáil ghlas gluaisteán, boscaí neadaireachta in aghaidheanna foirgneamh, féarthailte, agus toir agus crainn dhúchasacha i spás oscailte atá neamhdhíobhálach don fhiadhúlra.	D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag cineálacha éagsúla forbairtí gaolmhara atá bunaithe ar an dúlra, lena n-áirítear córais draenála inbhuanaithe uirbeacha. Beidh iarmhairt dhearfach ag an ngníomh seo do bhithéagsúlacht agus do ghabhdóirí comhshaoil atá i mbaol tionchar diúltach ó eachtraí tuile - tríd an riosca go dtarlóidh eachtraí tuile den chineál sin a laghdú agus trí réitigh inbhuanaithe a chur chun cinn don chéanna. Beidh iarmhairt dhearfach ag an ngníomh seo do bhithéagsúlacht, flóra agus fána. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh raon iarmhairtí idir bheag agus mhór, lena n-áirítear tionchair ó thorann, tionchair ar chaighdeán an aeir áitiúil (trí dheannach tógála a chruthú), tionchair ar cháilíocht an uisce (trí rith chun srutha solta agus táirgí de bhunús stroighne le linn tógála) agus tionchair ar bhithéagsúlacht, a bheith ann don chomhshaoil mar thoradh ar oibreacha a bhaineann le forbairt den chineál sin a chur i bhfeidhm/a thógáil.	Réimse treoirscéimeanna féideartha a shainithint chun bearta inbhuanaithe a léiriú, lena n-áirítear córais draenála inbhuanaithe (SuDS) bunaithe ar an dúlra; agus dearadh treorach bunaithe ar bhithéagsúlacht agus ar an aeráid a dhéanamh i gcomhair forbairtí tithíochta sóisialta arna dtreorú ag an gComhairle ina bhfuil bearta amhail díonta glasa, ballaí glasa, córais draenála inbhuanaithe bogach agus linnte, páirceáil ghlas gluaisteán, boscaí neadaireachta in aghaidheanna foirgneamh, féarthailte, agus toir agus crainn dhúchasacha i spás oscailte atá neamhdhíobhálach don fhiadhúlra; agus aird chuig á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus caighdeán an aeir áitiúil.
4.5.2.1.3	Obair a dhéanamh le comhpháirtithe, Clár Uisce an	Beidh iarmhairtí dearfacha ag feabhsú caighdeán cáilíochta uisce abhann do cháilíocht an uisce agus bithéagsúlacht.	Obair a dhéanamh le comhpháirtithe, Clár Uisce an Údarás Áitiúil (LAWPRO), Uisce Éireann, etc.



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmaid Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	<p>Údarás Áitiúil (LAWPRO), Uisce Éireann, etc. chun tionchair gabhdóirí criticiúla agus leochaileacha a shainiú de réir an Phlean um Bainistíocht Abhantraí agus na Creat-treorach Uisce agus cúnamh a thabhairt le cáilíocht uisce abhann agus tionscadail athchóirithe a fheabhsú.</p>	<p>D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag oibreacha forbartha nó athchóirithe, lena n-áirítear oibreacha ag dobharlaigh dromchla, a bhféadfadh réimse tionchar diúltach neamhbheartaithe ar an gcomhshaoil a bheith acu dá ndéanfaí iad.</p>	<p>chun tionchair gabhdóirí criticiúla agus leochaileacha a shainiú de réir an Phlean um Bainistíocht Abhantraí agus na Creat-treorach Uisce agus cúnamh a thabhairt le cáilíocht uisce abhann agus tionscadail athchóirithe a fheabhsú, agus an gá le plé ar riachtanais cosanta comhshaoil a chur chun cinn ag an am céanna.</p>
4.5.2.1.4	<p>Bainistíocht nádúrtha tuilte a úsáid i gcás inar féidir agus inmharthana ó thaobh airgeadais de.</p>	<p>D'fhéadfadh oibreacha a bheith ar siúl i gcóngar do bhainistíocht nádúrtha tuilte a úsáid.</p> <p>In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh iarmhairtí móra diúltacha éagsúla a bheith ann don chomhshaoil mar thoradh ar oibreacha den chineál sin, lena n-áirítear iarmhairtí: do cháilíocht an uisce agus hidreolaíocht do bhithéagsúlacht, lena n-áirítear flóra agus fána a bhraitheann ar éiceachórais uisceacha.</p> <p>D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith ag gníomh teacht aniar i leith tuilte don chomhshaoil freisin. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór a bheith ann do bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce i ndobharlach ar leith nó i dtreo bhéal na habhann ó dhobharlach ar leith mar thoradh ar fhorbairt fhéideartha réiteach atá bunaithe ar an dúlra.</p> <p>D'fhéadfaí baol tuilte a laghdú agus eachtraí tuilte a chosc freisin mar thoradh ar gníomh teacht aniar i leith tuilte a sholáthar. Tríd an mbaol tuilte a laghdú, féadann iarmhairtí móra dearfacha a bheith ann do ghabhdóirí éagsúla comhshaoil a bhféadfadh eachtraí tuilte tionchar diúltach a imirt orthu; lena n-áirítear gabhdóirí éiceolaíochta.</p>	<p>Bainistíocht nádúrtha tuilte a úsáid i gcás inar féidir agus inmharthana ó thaobh airgeadais de; agus aird chuí á thabhairt ar an ngá le hógairreachtaí comhshaoil sna láithreacha seo a chur chun cinn, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach.</p>



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarthairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
4.5.2.3.1	<p>In éineacht le comhpháirtithe, tabhairt faoi Mheasúnacht ar Leochaileacht Chósta ar imeallbhord Chorcaí chun tionchar ardaithe ar leibhéal na mara ar athrú líne chladaigh Chorcaí a mheasúnú, chun eolas a dhéanamh do bhainistíocht chomhtháite criosanna cósta agus chun limistéir a bhfuil riachtanais ar leith acu a shainiú, agus chun aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta agus gníomhartha oiriúnaitheacha bunaithe ar an éiceachóras a chur i bhfeidhm maidir le tús áite a thabhairt do thuilte cois cósta.</p>	<p>D'fhéadfadh forbairt shuntasach tarlú cois cósta agus i gcóngar an chósta mar thoradh ar ghníomhartha a bhaineann le dul chun cinn creimthe cósta agus teacht aniar i leith tuilte.</p> <p>In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh iarmhairtí móra diúltacha éagsúla a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha den chineál sin, lena n-áirítear iarmhairtí: do cháilíocht an uisce; do bhithéagsúlacht, lena n-áirítear flóra agus fána a bhraitheann ar éiceachórais uisceacha; don timpeallacht glactha aeir (mar thoradh ar dheannach tógála a bheith cruthaithe) agus don timpeallacht glactha torainn (mar thoradh ar thorann le linn chéim na tógála).</p> <p>D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith ag gníomhartha a bhaineann le teacht aniar i leith tuilte agus creimeadh cósta don chomhshaol freisin. De bharr forbairt fhéideartha bunaithe ar an dúlra mar thoradh ar réitigh agus córais draenála inbhuanaithe mar chuid de straitéis cosanta cósta, d'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór a bheith ann do bhithéagsúlacht agus do cháilíocht an uisce.</p> <p>D'fhéadfaí baol tuilte agus creimthe cósta a laghdú agus eachtraí tuile agus creimthe cósta sa toadhchá a chosc mar thoradh ar ghníomhartha cosanta cósta. Tríd an mbaol tuilte agus creimthe cósta a laghdú, féadann iarmhairtí móra dearfacha a bheith ann do gabhdóirí éagsúla comhshaoil a bhféadfadh eachtraí tuile agus creimthe tionchar diúltach a imirt orthu; lena n-áirítear gabhdóirí éiceolaíochta.</p> <p>Is dócha go mbeidh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór ag cur i bhfeidhm straitéise cosanta cósta ar an timpeallacht glactha ithreacha - trí chreimeadh cósta a chosc. D'fhéadfadh tionchar tairbheach a bheith aige seo ar ghnéithe idirghaolmhara comhshaoil a bhféadfadh creimeadh cósta tionchar a imirt orthu freisin.</p>	<p>In éineacht le comhpháirtithe, tabhairt faoi Mheasúnacht ar Leochaileacht Chósta ar imeallbhord Chorcaí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar ardaithe ar leibhéal na mara ar athruithe ar líne chladaigh imeallbhord Chorcaí, chun treoir a thabhairt do bhainistíocht comhtháite criosanna cois cósta agus limistéir a bhfuil riachtanais ar leith acu a shainiú, agus aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta agus gníomhartha oiriúnaitheacha bunaithe ar an éiceachóras a chur i bhfeidhm maidir le tús áite a thabhairt do thuilte cois cósta, agus aird chúil á thabhairt ar leochaileachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht.</p>
4.5.2.3.4	<p>In éineacht le páirtithe leasmhara, bearta oiriúnaithe aeráide a</p>	<p>Ní bheidh aon fhíor-iarmhairt ag an ngníomh seo don chomhshaol nuair a mheasfar ann féin é.</p>	<p>In éineacht le páirtithe leasmhara, bearta oiriúnaithe aeráide a shainiú i gcomhair bonneagar cósta agus cosaintí gaolmhara, agus</p>



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	<p>shainaithint i gcomhair bonneagar cósta agus cosaintí gaolmhara, agus bainistíocht nádúrtha cósta a úsáid i gcás inar féidir agus nuair atá sé inmharthana ó thaobh airgeadais de.</p>	<p>D'fhéadfadh forbairt shuntasach tarlú cois cósta agus i gcóngar an chósta mar thoradh ar ghníomhartha a bhaineann le dul chun cinn cosaintí agus bonneagar cósta.</p> <p>In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh iarmhairtí móra diúltacha éagsúla a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar oibreacha den chineál sin, lena n-áirítear iarmhairtí: do cháilíocht an uisce; do bhithéagsúlacht, lena n-áirítear flóra agus fána a bhraitheann ar éiceachórais uisceacha; don timpeallacht glactha aeir (mar thoradh ar dheannach tógála a bheith cruthaithe) agus don timpeallacht glactha torainn (mar thoradh ar thorann le linn chéim na tógála).</p> <p>D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar ghníomhartha cosanta cósta. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór a bheith ann do bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce mar thoradh ar fhorbairt fhéideartha réiteach atá bunaithe ar an dúlra agus córais draenála inbhuanaithe mar chuid de straitéis cosanta cósta.</p> <p>Féadann iarmhairtí dearfacha suntasacha a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar chosaintí cósta a fheabhsú do ghabhdóirí éagsúla comhshaoil a bhféadfadh eachtraí tuile agus creimthe tionchar diúltach a imirt orthu; lena n-áirítear gabhdóirí éiceolaíochta.</p> <p>Is dócha go mbeidh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór ag cur i bhfeidhm straitéise cosanta cósta ar an timpeallacht glactha ithreacha - trí chreimeadh cósta a chosc. D'fhéadfadh tionchar tairbheach a bheith aige seo ar ghnéithe idirghaolmhara comhshaoil a bhféadfadh creimeadh cósta tionchar a imirt orthu freisin.</p>	<p>bainistíocht nádúrtha cósta a úsáid i gcás inar féidir agus nuair atá sé inmharthana ó thaobh airgeadais de; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht.</p>
4.5.3.1.1	<p>Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm i gcomhair gach gné den chaomhantas, feasacht agus taifead ar gach gné den oidhreacht (thógtha, nádúrtha agus</p>	<p>Beidh an gníomh seo mar thaca ag laghdú ar astaíochtaí GCT de bharr úsáid leictreachais agus téimh ag gnéithe oidhreachta, agus beidh buntáistí aeráide ann mar thoradh air seo.</p> <p>D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag oibreacha uasghrádaithe/iarfheistithe idir lámha ag gnéithe oidhreachta. Féadann torann, deannach agus solas a bheith ann mar thoradh ar oibreacha den</p>	<p>Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm i gcomhair gach gné den chaomhantas, feasacht agus taifead ar gach gné den oidhreacht (thógtha, nádúrtha agus chultúrtha) agus a chinntiú go dtugtar aitheantas don athrú aeráide agus do chúrsaí</p>



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	chultúrtha) agus a chinntiú go dtugtar aitheantas don athrú aeráide.	chineál sin agus d'fhéadfadh siad tionchar a imirt ar stádas caomhantais struchtúr atá faoi chosaint nó ar an gcomhthéacs ina bhfuil gnéithe oidhreachta suite.	cosanta comhshaoil, lena n-áirítear riachtanais caomhantais oidhreachta.
4.5.3.1.2	Teacht aniar aeráide a chuimsiú trí scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha, Ciste Struchtúir Staire agus aon chistí eile arna dtabhairt isteach.	Beidh an gníomh seo mar thaca ag laghdú ar astaíochtaí GCT de bharr úsáid leictreachais agus téimh ag gnéithe oidhreachta, agus beidh buntáistí aeráide ann mar thoradh air seo. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith mar thaca ag oibreacha uasghrádaithe/iarfheistithe idir lámha ag gnéithe oidhreachta. Féadann torann, deannach agus solas a bheith ann mar thoradh ar oibreacha den chineál sin agus d'fhéadfadh siad tionchar a imirt ar stádas caomhantais struchtúr atá faoi chosaint nó ar an gcomhthéacs ina bhfuil gnéithe oidhreachta suite.	Teacht aniar aeráide a chuimsiú trí scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha, Ciste Struchtúir Staire agus aon chistí eile arna dtabhairt isteach; agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí cosanta comhshaoil, lena n-áirítear riachtanais caomhantais oidhreachta.
4.5.4.1.1	Tacú le spriocanna maidir le foraoisiú earnála agus náisiúnta chun athrú aeráide a mhaolú agus tionscnaimh um bainistíocht foraoise inbhuanaithe a chur chun cinn.	D'fhéadfadh méid áirithe ceaptha carbóin a bheith ann mar thoradh ar fhoraoisiú agus bheadh iarmhairtí dearfacha ann don chomhshaoil dá bharr sin. D'fhéadfadh tionscadail foraoisithe tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht uisce agus ithreach mura leantar rialacháin foraoiseachta. Tionchair dhiúltacha fhéideartha ó thionscadail foraoisithe is ea caillteanas gnáthóige, ilroinnt gnáthóg agus caillteanas bithéagsúlachta.	Tacú le spriocanna maidir le foraoisiú earnála agus náisiúnta chun athrú aeráide a mhaolú agus tionscnaimh um bainistíocht foraoise inbhuanaithe a chur chun cinn; agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha, cáilíocht an uisce agus bithéagsúlacht.
4.5.4.1.2	Straitéis um Chrainn Dhúchasacha a fhorbairt chun creat a sholáthar i gcomhair pleanáil, cosaint, plandú agus bainistíocht crann agus coillearnach laistigh de Chontae Chorcaí.	Beidh iarmhairtí dearfacha ann don bithéagsúlacht ag an ngníomh seo agus is dócha go gcuirfidh sé le plandú crann, rud a mbeidh iarmhairt bheag dhearfach don chomhshaoil ann dá bharr - ag féachaint don sciar de laghduithe astaíochtaí GCT ar féidir tacú leo tríd an ngníomh seo i gcoibhneas le spriocanna agus ceanglais náisiúnta maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú. D'fhéadfadh tionchair dhiúltacha bithéagsúlachta a bheith ann má chuirtear speicis neamhdhúchasacha/ionracha crann.	Straitéis um Chrainn Dhúchasacha a fhorbairt chun creat a sholáthar i gcomhair pleanáil, cosaint, plandú agus bainistíocht crann agus coillearnach laistigh de Chontae Chorcaí; ag cinntiú go ndíreofar ar chrainn dhúchasacha agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht.
4.5.4.1.5	Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na Straitéise	Beidh an gníomh seo mar thaca ag bainistíocht tailte portaigh. D'fhéadfadh an gníomh seo tacú le tionchair dhearfacha ar bithéagsúlacht agus	Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Thailte Portaigh; agus an



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	Náisiúnta um Thailte Portaigh.	cháilíocht an uisce, agus gnáthóga a chosaint D'fhéadfadh athchóiriú tailte portaigh cur leis an leibhéal ceaptha GCT a bhaineann leis na tailte seo, agus iarmhairtí dearfacha a bheith ann don aeráid dá bharr. In éagmais dearadh cuí nó maolú cuí comhshaoil, féadann tionchair éagsúla neamhbheartaithe a bheith ann don chomhshaoil, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha idir bheag agus mhór ar hidreolaíocht nó hidrigeolaíocht, mar thoradh ar thionscadail athchóirithe tailte portaigh a dtugtar tacaíocht dóibh.	gá le plé ar riachtanais cosanta comhshaoil le linn tionscadail den chineál sin a chur chun cinn ag an am céanna.
	fad agus minicíocht a bhreithniú.	<p>D'fhéadfadh an gníomh tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht an uisce trí cleachtais chothabhála mhíchuí i leith draenacha.</p> <p>D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór a bheith ann do bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce i ndobharlach ar leith nó i dtreo bhéal na habhann ó dhobharlach ar leith mar thoradh ar fhorbairt réiteach atá bunaithe ar an dúlra.</p> <p>D'fhéadfadh réimse tionchar diúltach neamhbheartaithe ar an gcomhshaol a bheith ag forbairt bonneagair ghlais den chineál sin, agus ag gníomhaíocht a bhaineann le tógáil go háirithe, dá ndéanfaí í.</p>	Córais Draenála Inbhuanaithe, agus íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach a chur chun cinn.
4.8.5.2.1	Córais draenála inbhuanaithe agus cuir chuige bunaithe ar an dúlra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun uisce dromchla a bhainistiú agus aibhneacha a chosaint ar thruailleáin i rith chun srutha uisce bóthair agus an méid breise uisce a mhoilliú chun tuilte a mhaolú do thionscadail forbartha.	<p>D'fhéadfadh forbairt shuntasach tarlú, ag dobharlaigh agus ina gcóngar san áireamh, mar thoradh ar an ngníomh seo a bhaineann le teacht aniar i leith tuilte.</p> <p>In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh iarmhairtí móra diúltacha éagsúla a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar fhorbairt draenála dá dtugtar tacaíocht, lena n-áirítear iarmhairtí: do cháilíocht an uisce agus hidreolaíocht do bhithéagsúlacht; do bhithéagsúlacht, lena n-áirítear flóra agus fána a bhraitheann ar éiceachórais uisceacha; agus ar an timpeallacht glactha aeir (mar thoradh ar dheannach tógála a bheith cruthaithe).</p> <p>D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith ag gníomh teacht aniar i leith tuilte don chomhshaol freisin. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór a bheith ann do bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce i ndobharlach ar leith nó i dtreo bhéal na habhann ó dhobharlach ar leith mar thoradh ar fhorbairt fhéideartha réiteach atá bunaithe ar an dúlra agus córais draenála inbhuanaithe.</p>	<p>Córais draenála inbhuanaithe agus cuir chuige bunaithe ar an dúlra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun uisce dromchla a bhainistiú agus aibhneacha a chosaint ar thruailleáin i rith chun srutha uisce bóthair agus an méid breise uisce a mhoilliú chun tuilte a mhaolú do thionscadail forbartha.</p> <p>A chinntiú go dtabharfar aird chuí ar íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach, le linn aon tionscadail forbartha dá dtugtar tacaíocht.</p>
4.8.5.2.2	Tabhairt faoi phleanáil bainistíochta uisce báistí do gach príomhbhaile. Cúnamh a thabhairt don Aonad Polasaí Pleanála chun plean bainistíochta uisce báistí a	<p>D'fhéadfadh an gníomh tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht an uisce trí cleachtais cothabhála mhíchuí i leith draenacha.</p> <p>D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha idir bheag agus mhór a bheith ann do bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce i ndobharlach ar leith nó i dtreo</p>	Tabhairt faoi phleanáil bainistíochta uisce báistí do gach príomhbhaile. Cúnamh a thabhairt don Aonad Polasaí Pleanála chun plean bainistíochta uisce báistí a fhorbairt i gcomhair lonnaithe uirbeacha, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá le réitigh bunaithe ar an dúlra agus córais draenála



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	fhorbairt i gcomhair lonnaíochtaí uirbeacha	bhéal na habhann ó dhobharlach ar leith mar thoradh ar fhorbairt réiteach atá bunaithe ar an dúlra. D'fhéadfadh réimse tionchar diúltach neamhbheartaithe ar an gcomhshaoil a bheith ag forbairt bonneagair ghlais den chineál sin, agus ag gníomhaíocht a bhaineann le tógáil go háirithe, dá ndéanfaí í.	inbhuanaithe uirbeacha sna láithreacha seo a chur chun cinn, agus ar íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach.
4.8.5.2.3	Tacú le Scéimeanna Cosanta Tuilte a leathadh amach sa Chontae, lena n-áirítear iad siúd atá i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, mar a shaináithnítear tríd an gClár um Measúnacht agus Bainistíocht ar Bhaol Tuilte Abhantrach (CFRAMS) agus i Measúnacht Straitéiseach ar Bhaol Tuilte an Chontae.	D'fhéadfaí baol tuilte a laghdú agus eachtraí tuile a chosc freisin mar thoradh ar ghníomh teacht aniar i leith tuilte a sholáthar. Tríd an mbaol tuilte a laghdú, féadann iarmhairtí móra dearfacha a bheith ann do ghabhdóirí éagsúla comhshaoil a bhféadfadh eachtraí tuile tionchar diúltach a imirt orthu; lena n-áirítear gabhdóirí éiceolaíochta. D'fhéadfadh forbairt shuntasach tarlú ag dobharlaigh agus ina gcóngar mar thoradh ar ghníomhartha a bhaineann le dul chun cinn teacht aniar i leith tuilte. In éagmais aon mhaolú, d'fhéadfadh iarmhairtí móra diúltacha éagsúla a bheith ann don chomhshaoil mar thoradh ar fhorbairt den chineál sin, lena n-áirítear iarmhairtí: do cháilíocht an uisce agus hidreolaíocht dobharlach; do bithéagsúlacht, lena n-áirítear flóra agus fána a bhraitheann ar éiceachórais uisceacha; agus ar an timpeallacht glactha aeir (mar thoradh ar dheannach tógála a bheith cruthaithe), agus don timpeallacht glactha daonna.	Tacú le Scéimeanna Cosanta Tuilte a leathadh amach sa Chontae, lena n-áirítear iad siúd atá i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, mar a shaináithnítear tríd an gClár um Measúnacht agus Bainistíocht ar Bhaol Tuilte Abhantrach Clár um Measúnacht agus Bainistíocht ar Bhaol Tuilte Abhantrach (CFRAMS) agus Measúnacht Straitéiseach ar Bhaol Tuilte an Chontae - agus aird chuí á tabhairt ar an ngá le réitigh bunaithe ar an dúlra agus córais draenála inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ar íogaireachtaí comhshaoil sna láithreacha seo, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach.
4.8.6.3.1	Bonneagar droichead a mheasúnú ar aon dul le tionchair aeráide arna dtuar.	D'fhéadfadh an gníomh seo cur isteach ar ialtóga le linn suirbhéanna. D'fhéadfadh an gníomh seo a bheith ina chúis le droichid a uasghrádú freisin, agus bheadh suaitheadh agus/nó cailteanas gnáthóige d'ialtóga nó tionchair ar stádas caomhantais droichead faoi chosaint ann mar thoradh air seo.	Bonneagar droichead a mheasúnú ar aon dul le tionchair aeráide arna dtuar, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá le gnáthóga, speicis agus láithreáin Eorpacha tábhachtacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú go cuí agus ar stádas caomhantais droichead faoi chosaint.
4.8.6.3.2	Cothabháil agus athshlánú bóithre réigiúnacha agus áitiúla a dhéanamh de réir	D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha beaga, amhail caighdeán an aeir ó dheannach tógála agus cáilíocht an uisce de bharr rith chun srutha dromchla	Cothabháil agus athshlánú bóithre réigiúnacha agus áitiúla a dhéanamh de réir an treoidhoiciméid maidir le hoiriúnú aeráide ar



Tagairt an Ghnímh	Gníomh Bunaidh	Drochiarmhairt Shuntasach Fhéideartha, mura Maolaítear í, lena n-áirítear:	Moltaí arna gcomhtháthú leis an bPlean, arna n-áireamh sna nithe seo:
	an treoidhoiciméid maidir le hoiriúnú aeráide ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla	le linn oibreacha, a bheith ann don chomhshaol mar thoradh ar an ngníomh seo	bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, conairí bruachánacha agus caighdeán an aeir.



Tábla 5-2: Prionsabail Rialachais Comhshaoil a bhaineann le Bearta Maolaitheacha Comhshaoil arna moladh lena n-áireamh leis an bPlean - an mhír ina bpléitear cur i bhfeidhm an phlean go sonrach

<p>Tionscadail um gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn lena dtabharfar tacaíocht do chomhbhuntaístí comhshaoil agus lena n-uasmhéadófar iad, amhail an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú; caighdeán an aeir, an uisce nó na hithreach a fheabhsú; nó luach áineasa, taitneamhachta agus oidhreachta cultúrtha a fheabhsú, lena chinntiú go mbainfear amach buntáistí do gach páirtí.</p>
<p>Tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide nó iad a éascú chun feabhsuithe ar struchtúr, bainistíocht agus sláinte ithreach a fheabhsú trí charbón orgánach na hithreach a mhéadú - rud a fhágfaidh go mbeidh comhbhuntaístí comhshaoil ann d'fheabhsuithe ar chosaint ar thuilte trí acmhainn coinneála uisce ithreacha a fheabhsú agus tríd an leibhéal ceaptha GCT a bhaineann le feidhmeanna talamhúsáide a mhéadú.</p>
<p>A chinntiú go bpleanálfaid agus go gcuirfear i bhfeidhm an fhorbairt ar fad a bhfuil gníomhú ar son na haeráide mar bhun agus taca aici ar bhealach ina ndéanfar plé cuí ar an bhféidearthacht go mbeidh comhbhuntaístí comhshaoil ann, ar thionchair comhshaoil fhéideartha agus ar riachtanais cosanta comhshaoil.</p>
<p>Déanfar tionscadail cosanta ar thuilte nó oibreacha cothabhála gaolmhara a bhfuil bearta an phlean mar thaca leo ar bhealach ina gcuirfear comhbhuntaístí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide-bithéagsúlacht chun cinn, agus ina dtabharfar aird chuí ar chosaint agus feabhsú gnáthóg agus speiceas atá neamhchoitianta, faoi chosaint nó tábhachtach.</p>
<p>A chinntiú go ndéanfar tionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach ina gcuirfear comhbhuntaístí um gníomhú ar son na haeráide-oidhreachta cultúrtha chun cinn agus nach ndéanfar dochar neamhúdaraithe fisiceach do ghnéithe cultúrtha, seandálaíochta nó ailtireachta mar thoradh orthu, ná athrú míchuí ar chomhthéacs gnéithe íogaire den oidhrecht chultúrtha.</p>
<p>A chinntiú go ndéanfar tionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach ina gcuirfear comhbhuntaístí cáilíochta uisce um gníomhú ar son na haeráide chun cinn, agus atá ag teacht le forálacha na Creat-treorach Uisce agus an Phlean ábhartha um Bainistíocht Abhantraí.</p>
<p>Cur chun cinn tionscadal um gníomhú ar son na haeráide atá mar thaca ag crainn, fála scean agus gnáthoga eile atá faoi chosaint, amhail bogaigh agus criosanna tuilte a chuireann leis an mbonneagar glas.</p>
<p>Tacú le deiseanna chun nascacht éiceolaíoch gnáthóg agus láithreán neamhainmnithe a fheabhsú agus chun teacht aniar agus feidhmiú foriomlán an éiceachórais a fheabhsú, agus tacaíocht á tabhairt do gníomhú ar son na haeráide laistigh den chontae.</p>
<p>A chinntiú go ndéanfar na réamhchúraimí is gá i ngach tionscadal lena dtacaíonn an chomhairle chun speicis ionracha a shainiú agus a bhainistiú, i dtaca le speicis i Sceideal III go háirithe.</p> <p>Ní thacófar le haon tionscadal forbartha um gníomhú ar son na haeráide ar dócha go leathfaí speicis ionracha a liostaítear i Sceideal III mar thoradh air.</p>
<p>Tacú le deiseanna chun tacaíocht a thabhairt d'athchóiriú, athshlánú agus cothabháil talún portaigh, agus spriocanna aeráide a bhaint amach trí na bearta aeráide laistigh den phlean a chur i bhfeidhm.</p>



6. TÁTAL

Rinneadh Scagadh MC Chéim 1 agus MC Chéim 2 de Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Chorcaí um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2029. D'fhéadfadh iarmhairtí do shláine láithreáin Eorpacha ar bith a bheith ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an PGAÚÁ, i gcás nach maolófaí é.

Tugadh aghaidh ar na rioscaí do chumhdach agus sláine leasanna cáilitheacha, leasanna caomhantais speisialta agus cuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach trí bhearta maolaitheacha a chur san áireamh lena dtabharfar tús áite d'iarmhairtí a sheachaint ar an gcéad dul síos agus d'iarmhairtí a mhaolú i gcás nach féidir iad a sheachaint. Lena chois sin, beidh gach plean agus tionscadal ar leibhéal níos ísle a eascraíonn as cur i bhfeidhm an PGAÚÁ faoi réir MC nuair a bheidh tuilleadh sonraí maidir leis an dearadh agus an suíomh ar eolas.

Cuireadh iarmhairtí i dteaghlaim ó idirghníomhuithe le pleananna agus tionscadail eile san áireamh sa mheasúnacht agus meastar go bhfuil bearta maolaitheacha atá mar chuid den phlean láidir lena chinntiú nach mbeidh drochiarmhairtí suntasacha ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an PGAÚÁ, bíodh sé ann féin nó i dteaghlaim le pleananna/tionscadail eile.

Tar éis do bhearta maolaitheacha a bheith cuimsithe, is é an tátal a baineadh i dtaca le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Chorcaí um Ghníomhú ar son na hAeráide ná nach dtuairtar go n-eascróidh aon drochiarmhairtí suntasacha do láithreáin Eorpacha as, bíodh sé ann féin nó i dteaghlaim le pleananna nó tionscadail eile⁵⁷. Déantar an mheasúnacht seo i bhfianaise chuspóirí caomhantais na ngnáthóg nó na speiceas dar ainmníodh na láithreáin seo.


⁵⁷ Ach amháin de réir mar a dhéantar foráil ina leith in Alt 6(4) den Treoir um Ghnáthóga, is é sin go gcaithfidh sé: a) nach bhfuil réiteach malartach ar fáil, b) go bhfuil cúiseanna práinneacha leasa phoiblí sháraithigh le dul chun cinn an phlean; agus c) go bhfuil bearta leordhóthanacha cúiteacha i bhfeidhm.



COMHAIRLEOIRÍ SAN INNEALTÓIREACTH,
SAN EOLAÍOCHT CHOMHSHAOIL
& SA PHLEANÁIL

AGUISÍN 1

Faisnéis chúlra maidir le
láithreáin Eorpacha





Aguisín 1 - Tábla 1 Cáilíocht agus tréithe láithreáin na láithreán Eorpach a phléitear sa mheasúnacht

Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
000077	LCS Bhaile Mhac Óda (Cluain Pruachais agus an Poll Mór)	<p>Sampla breá de chóras inbhearach measartha beag is ea é seo. Tá ionadaíocht mhaith ag réileáin idirthaoideacha agus éagsúlacht mhaith speiceas maicrinveirteabrach agus réimse biotóp idirthaoideach ann. Tá móinéir salainn Atlantacha an dea-fhorbartha go deo agus iad ag leathadh i gcodanna den láithreán faoi láthair.</p> <p>Tá salicornia agus bliantóga eile de na réileáin idirthaoideacha ghainimh agus láibe ann freisin. Tá cáilíocht na ngnáthóg ar an láithreán go maith ach níl aon amhras ann ach go ngabhann truailléin ón abhantrach thalmhaíochta máguaird isteach sa láithreán. Tá an láithreán an-tábhachtach d'éin uisce gheimhrithe agus bíonn os cionn 20,000 éan ann uaireanta. Tá tábhacht náisiúnta ag baint le líonta 11 speiceas, lena n-áirítear <i>Pluvialis apricaria</i> (ar cheann de na líonta is mó sa tír) agus <i>Limosa lapponica</i>. Tá neart staidéir déanta ar éaneolaíocht an láithreáin.</p>	<p>Tá inbhear na hUaimní, abhainn mhór a dhraenálann abhantrach mhór thalmhaíochta, mar chuid den láithreán. Tá cuid de stráice taoimhear na habhann sa láithreán agus síneann sí amach go híochtar láin. Tugann leithinis chobhsaithe ghainmheach (Leithinis Rinn an Chiniféicigh) foscadh maith don chuid inmheánach den inbhear (leithinis Rinn an Chiniféicigh). Tá cineálacha éagsúla dríodair ann ó láib agus gaineamh lábach sa chuid inmheánach go gaineamh mín rocach sa chuid nocha lasmuigh. Tá riasca goirt agus goirt fhliucha ar gach taobh den phríomhchainéal agus cuid mhaith de na goirt á bhfeabhsú i gcomhair thalmhaíochta. Baintear leibhéal íseal úsáide as an láithreán agus innilt sna goirt féir agus áineas ar leibhéal íseal ar na tránna gainmheacha atá ann den chuid is mó.</p>
000090	LCS Chuan agus Choill an Ghleanna Ghairbh	<p>Éagsúlacht eisceachtúil gnáthóg nádúrtha ardchaighdeáin leathnádúrtha agus nádúrtha. Coillte darach hipearaigéanacha le <i>Arbutus unedo</i> agus <i>Taxus baccata</i> ag a bhfuil brífit agus flóra léicin dea-fhorbartha agus atá mar thaca ag fána inveirteabrach tábhachtach ar mhórán speiceas, lena n-áirítear <i>Geomalacus maculosus</i> agus roinnt cineálacha neamhchoitianta. Tá samplaí maithe d'fhoraoisí gláracha feadh aibhneacha an Ghleanna Ghairbh agus Chom Earcáin. Tá oileáiníní carraigeacha sa chuan mar thaca ag ceann de na coilíneachtaí is mó den <i>Phoca vitulina</i> in Éirinn agus tá coilíneacht bheag phórúcháin den <i>Sterna paradisaea</i> ann. Tá an láithreán mar thaca ag líon den <i>Lutra lutra</i>. Tá an láithreán ar cheann de na láithreáin is tábhachtaí san iardheisceart don <i>Rhinolophus hipposideros</i> agus tá trí fhara samhraidh agus trí fhara geimhridh ann.</p>	<p>Tá gleann oighreach faoi chrainn ag oscailt amach ar bhá faoi fhothain ina bhfuil oileáiníní carraigeacha. Sean-Ghaineamhchloch Rua atá sa bhuncharraig agus tá éagsúlacht ithreacha ann ó ithreacha donna aigéadacha go hithreacha donna gláracha agus móin. Aeráid hipearaigéanach. Tá an láithreán mar thaca ag mósáic chasta gnáthóg talún, sean-choillearnach darach den chuid is mó, fáschoillte buaircínéacha agus coimpléisc den fhraochmhá lomáin carraige agus den bhratphortach scrobarnaí, féarthailte <i>Molinia</i>, agus aibhneacha agus sruthanna. Tá an bhá faoi fhothain an-bhearnach agus tá a lán oileáiníní inti agus líne chladaigh charraigeach aici.</p>



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
		, agus sáraíonn na líonta i gceann díobh na tairseacha samhraidh agus geimhridh i gcomhair tábhacht idirnáisiúnta. Mar gheall ar cháilíocht agus fairsinge na gcoillte darach agus éagsúlacht na ngnáthóg agus na speiceas, lena n-áirítear a lán cineálacha neamhchoitianta tá tábhacht idirnáisiúnta leis an láithreán.	
000091	LCS Bhá Chloich na Coillte	Tá éagsúlacht bhreá gnáthóg dhuimhche ar an láithreán, go háirithe limistéar dhumhcha socra atá measartha mór agus atá cuibheasach slán. Tá dumhach dhíchailcithe shocair an AE-an Atlantaigh sa láithreán seo freisin. Tá an dá ghnáthóg seo tearc ar chósta an deiscirt. Tá na réileáin ghainimh agus láibe idirthaoideacha mar thaca ag líonta tábhachtacha éan céimnithe agus geimhrithe. Sampla ar leith is ea an pobal rialta <i>Limosa limosa</i> a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis.	Bá thaoidmhear atá sa láithreán atá scartha ó chéile ag Oileán Inse Duine. Gabhann sruthanna roinnt aibhneacha beaga isteach ann, arb é an Fealge an ceann is mó acu. Réileáin ghainimh agus láibe atá sa láithreán den chuid is mó. Tá coimpléasc beag dhumhcha ar Oileán Inse Duine agus tá limistéar dea-fhorbartha de riasc goirt agus fionnuisce sa Chloichín. Sean-Ghaineamhchloch Rua Dheavónach atá sa bhuncharraig den chuid is mó. Tá an ithir ghainmheach beagán de chineál cailcreach ach tá claonadh i dtreo aigéadú le sonrú inti. Tá baile Chloich na Coillte ag barr an láithreáin. Is é áineas an phríomh- thalamhúsáid.
001061	LCS Loch Chill Chiaráin agus Dhumhcha Ráth an Bharraigh	Tá éagsúlacht bhreá gnáthóg cois cósta agus bogaigh ar an láithreán seo atá cuibheasach beag. Is é Loch Chill Chiaráin is mó tábhacht, agus is é sin an sampla is fearr de mhurlach dríodrach (síothlaithe) in iardheisceart na hÉireann. Cuireann eotrófú isteach ar an murlach ach dá ainneoin sin tá sé mar thaca ag flóra agus fána suimiúil agus tá sciar mór speisialtóirí murlaigh agus roinnt speicis neamhchoitianta inveirteabracha ann (<i>Allomelita pellucida</i> <i>Hydrometra gracilenta</i> <i>Notonecta viridis</i> <i>Helophorus fulgidicollis</i>). Tá luach geomoirfeolaíoch leis an mbacainn de ghaineamh/scaineagán. Tá tábhacht leis an gcóras dhumhcha mar tá sé ar cheann den líon beag acu sa réigiún thiar theas. Tá ionadaíocht mhaith ag dhumhcha aistreacha bána agus tá limistéir bheaga de dhumhcha socra agus dhumhcha i dtús fáis ann. Cuirfear le cáilíocht na dhumhcha san fhadtréimhse mar gheall ar bhainistíocht.	Tá córas dhumhcha nádúrtha, murlach nádúrtha agus limistéir fhairsinge de ghnáthóga bogaigh ar an láithreán. Murlach éadomhain (<3 m) is ea Loch Chill Chiaráin agus tá sceithbhealach 400 m chun na farraige aige. Bíonn bacainn de ghaineamh/scaineagán, a bhearnaítear ó am go chéile go nádúrtha agus d'aon turas, ina bhac ar an sceithbhealach an chuid is mó den bhliain. Tá fásra réisc agus seascainn timpeall ar an sruth a shreabhann isteach sa mhurlach. Tá Loch Ráth an Bharraigh ag an taobh thiar den láithreán agus é mothrach ar fad ag fásra seascainn. Tá coimpléasc de chineálacha gnáthóg duimhche sa chuid den láithreán ina bhfuil dhumhcha. Síneann trá ghainmheach ag a bhfuil gné scaineagáin feadh an taoibh i dtreo na farraige den láithreán. Diantalmháíocht atá sa talamhúsáid máguaird den chuid is mó agus tá sí sin tar éis cur le heotrófú an murlaigh.



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
001371	LCS Choill Mhucshná mha	Cé go bhfuil an choillearnach seo measctha le plandaí andúchasacha a plandaíodh, tá na gnéithe bunúsacha struchtúrtha agus bláthúla de sheanchoill darach aici go fóill. Tá an fódchiseal tais mar thaca ag réimse tíopúil agus éagsúil luibheanna agus brífití agus tá tábhacht áitiúil leis an láithreán d'éin.	Coill bheag darach measctha le buaircínigh arna bplandú a forbraíodh ar dheasca oighreach agus atá suite cois cósta ag béal an Ribhéir.
001547	LCS Bhaile an Chaisleáin	Is dócha go bhfuil an pobal is mó den <i>Trichomanes speciosum</i> in Éirinn ar an láithreán seo agus taifeadadh os cionn 500 fronn anseo i 1993. I dteannta iad a bheith an-iomadúil, tá na froinn seo an-rábach agus is minic a bhíonn siad an-mhór.	Láithreán beag atá suite ar an taobh thiar de ghóilín caol agus a bhfuil sean-ghaineamhchloch rua faoi. Coillearnach <i>Quercus petraea</i> atá sa chuid is mó den láithreán agus tá roinnt speicis de chrainn leathanduilleacha dhúchasacha agus neamhdhúchasacha scaipthe ar a fhud. Déanann sruth dhá leath den láithreán ón oirthear go dtí an t-iarthar trí ailt charraigeach ar an taobh thiar den láithreán, atá níos airde. Tá pobal mór den <i>Trichomanes speciosum</i> san ailt seo atá ag fás ar chraobhacha tite agus crainn leagtha agus fúthu, ar charraigeacha faoi fhothain agus faoi dhuilleoga den <i>Luzula sylvatica</i> .
001873	LCS Phortach Dhoire Chloichir (an Cnoc Búí)	Sampla breá de bhratphortach sléibhe atá ann in éineacht le gnáthóga ardtalún eile. Tá an láithreán slán de réir dealraimh agus gan mhilleadh ó thionchair antrapaigineacha.	Tá an láithreán seo suite ar fhánaí thoir theas Shliabh an Chnoic Bhuí (707m) agus tá uisce uachtair Abhainn an Chomair Dheirg agus Sruth Dhoire Dubh ann, agus iad ag sreabhadh ón oirthear go dtí an deisceart go ceann Bhá Bheantraí. Coimpléasc droimneach de fhraoch bratphortach, féarach ardtalún agus lomáin charraige atá sa láithreán seo. Gné amháin is ea na lochanna beaga agus na sruthanna iomadúla. Tá formhór na bportach beag (1-3 heicteár) ach tá siad le feiceáil go rialta ar shraith scairbheacha a bhfuil fánaí réidhe leo trasna an leicinn sléibhe. Tá <i>Lagopus lagopus</i> ar an láithreán. Bíonn caoirigh ag innilt ann ar dhlús íseal - seachas sin, níl aon ghníomhaíochtaí talamhúsáide ann.
001881	LCS Phortach Mheall an Ghamhna	Bratphortach beag uisce uachtair atá i staid nádúrtha de réir dealraimh. Tá an dromchla cuibheasach aonghnéitheach agus tá roinnt tulóg ann ach níl aon chórais linne ann. Níor taifeadadh aon phlandaí neamhchoitianta ón láithreán. Níl ach beagán samplaí	Tá an láithreán suite sa Cheacha sa chuid is faide siar ó dheas de Chontae Chiarraí. Gaineamhchloch atá sa gheolaíocht atá faoina bhun. Tá an láithreán suite faoi shraith creaga atá timpeall ar chuid de Loch an Chomair.



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreáin
		den chineál seo bratphortaigh i gContae Chiarraí.	Tá an bratphortach ann in éineacht le fraoch agus féarach ardtalún. Cruthaíonn sruthanna beaga agus carraig nochta éagsúlacht gnáthóg.
002036	LCS an tSléibhe Riabhaigh	Roghnaíodh an láithreán seo mar gheall ar na gnáthóga in larscríbhinn 1 de fraochmhánna fliucha, fraochmhánna tirime agus bratphortach gníomhach. Is iad na gnáthóga fraochmhá na gnáthóga ceannasacha agus iad ar ardchaighdeán den chuid is mó. Clúdaíonn bratphortach limistéar níos lú ach tá ionadaíocht mhaith aige seo fós féin. Cé go ndearnadh foraoisiú fairsing ar chliatháin an tsiabhraoin le buaircínigh, tá cáilíocht an choda eile den limistéar ardtalún go maith agus tá leibhéal cuibheasach íseal de shuaitheadh ann ó oibríochtaí a d'fhéadfadh a bheith dochrach, amhail innilt agus dó. Soláthraíonn an láithreán gnáthóg ríthábhachtach shealgairreachta agus gnáthóg fhéideartha neadaireachta don phobal tábhachtach den Circus cyaneus a dhéanann neadacha sa Sliabh Riabhach. Tá an láithreán mar thaca ag pórúchán an Falco peregrinus freisin.	Tá an Sliabh Riabhach suite ar an teorainn idir Contae Chorcaí agus Contae Luimnigh. Cuimsíonn an suíomh na dromanna mullaigh nár foraoisíodh laistigh den sliabhraon a shíneann ó Shliabh an Chairn soir i dtreo Long Mountain agus Chnoc Shuí Finn, lena n-áirítear asluitigh ag Sliabh Chúil Fhraoigh. Tá gnáthóga fraochmhá agus bratphortaigh sa chuid is mó de na limistéir seo. Tá dianfhoraoisiú á dhéanamh ar chliatháin an tsiabhraoin seo le 40 bliain anuas. Sean- Ghaineamhchloch Rua atá i ngeolaíocht bhuncharraige an láithreáin den chuid is mó.
002165	LCS na Sionainne Íochtair	Tá a lán gnáthóg ón larscríbhinn sa láithreán seo, lena n-áirítear an limistéar is fairsinge de ghnáthóg inbhearach in Éirinn. Tá réimse maith speiceas ón larscríbhinn ann freisin, lena n-áirítear an t-aon phobal cónaithe amháin den Tursiops truncatus atá ar eolas in Éirinn agus gach ceann de na trí speiceas Éireannacha den loimpre agus pobal maith den Salmo salar. Tá roinnt éan a liostaítear i dTreoir maidir le hÉin an AE a gheimhríonn nó a shíolraíonn sa láithreán. Tá tábhacht idirnáisiúnta leis an láithreán d'éin uisce agus bíonn os cionn 50,000 ceann aonair ann sa gheimhreadh. Tá roinnt speiceas a liostaítear i Leabhar Dearg Sonraí na hÉireann ann agus b'fhéidir gurb iad na haon phobail Éireannacha amháin den Scirpus triquetra atá ar eolas na cinn is suntasaí.	Láithreán an-mhór agus fada atá timpeall 14 km ar leithead agus 120 km ar fad ina bhfuil: an gleann abhann draenáilte atá in inbhear na Sionainne; inbhear níos leithne an Fhorghais mar aon le roinnt inbhear atá níos lú e.g. Poll na nOisrí; réimsí íochtair fionnuisce na Sionainne idir Cill Dalua agus Luimneach chomh maith leis na stráicí fionnuisce de chuid mhaith d'abhantracha na Féile agus na Maoilchearna; limistéar muirí ag béal inbhear na Sionainne a bhfuil aillte arda carraigeacha lastuaidh agus laistean de; fraochmhá eiriceach ar Cheann Chiarraí agus Ceann Léime; agus roinnt murlach. Tá an réimse geolaíochta faoina bhun ó aolchloch charbónmhar (lastoir d'Fhaing) go sceallaí agus leaca Namúracha (laistiar d'Fhaing) go Sean-Ghaineamhchloch Rua (ag Ceann Chiarraí). Athraíonn salandacht an chórais ó lá go lá le tuile agus trá na



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreáin
			taoide agus le luaineacht na báistí le linn na bliana de réir an tséasúir.
002171	LCS Abhainn na Bandan	Tá tábhacht leis an láithreán seo mar tá gnáthóg tosaíochta na bhForaoisí Gláracha in Iarscríbhinn I agus gnáthóg an Fhásra Shnámaigh Abhainn in Iarscríbhinn I ann. Bíonn an t-éan in Iarscríbhinn I Alcedo atthis agus na speicis ainmhithe <i>Lampetra planeri</i> agus <i>Margaritifera margaritifera</i> ag síolrú laistigh den láithreán. Tá cáilíocht an uisce an-mhaith agus tá an láithreán mar thaca ag pobal mór den <i>Margaritifera margaritifera</i> . Tá Comhairle Contae Chorcaí ag smaoineamh ar Abhainn na Bandan a ainmniú mar abhainn salmainide.	Ó thaobh na geolaíochta de, is iad Sean-Ghaineamhchloch Rua ó thuaidh agus slinn Charbónmhar sa leath deisceartach den láithreán atá ann den chuid is mó. Tá mósáic de charraig nochta, ardtalamh fraochmhá, bán fliuch agus scrobarnach sa chuid thuaisceartach den láithreán agus tá paistí beaga féaraigh ar a fhud. Tá an limistéar faoi Long Bridge mar thaca ag cineál neamhchoitianta de choillearnacha fliucha ar chiumhaiseanna cainéal srutharlaigh agus oileáin. Tugadh an chuid dheisceartach den láithreán chun míntíreachais mar fhéarach.
002189	LCS Loch an Fhearainn Mheánaigh	Cé go bhfuil an ghnáthóg mhurlaigh beag, tá sí beagnach go hiomlán nádúrtha agus í ionadaíoch do chineál murlaigh (dríodrach ina bhfuil góilín) nach bhfuil ach sé cinn díobh ar eolas sa tír. Tá <i>Ruppia</i> sp. flúirseach. Tá an fána cuibheasach dona ach goirt den chuid is mó (<i>Palaemonetes varians</i> <i>Neomysis integer</i> <i>Jaera nordmanni</i>) agus tá dhá speiceas neamhchoitianta ann (<i>Allomelita pellucida</i> <i>Stenus lustrator</i>). Is sampla maith é seo de mhurlach mionscála atá suite i limistéar de ghnáthóga éagsúla. Tá sampla maith agus measartha mór de bhacainn chuartha doirneog agus bollán ann freisin. Tá an bhruach chlochach an-fhásamhar ar an ardchlár agus ar an taobh i dtreo na talún agus léirítear seasmhacht fhadtréimhseach leis na léicín atá ann.	Murlach beag éadomhain dríodrach (2 m) is ea Loch an Fhearainn Mheánaigh agus tá sé suite ar an taobh deisceartach de leithinis Rinn Mhuintir Bháire in Iarthar Chontae Chorcaí. Tá droim clochach idir é agus an fharraige. Téann an sáile isteach trí sceithbhealach caol trí shíothlú agus thar bharr na bacainne clocháí ag lán mara agus le linn stoirmeacha. Tá éagsúlacht mhór salandachta ann (2- 25 ppt) ag brath ar bháisteach agus ionraí sáile. Sean-Ghaineamhchloch Rua atá sa bhuncharraig agus podsail mhóinteacha agus ithreacha donna aigéadacha atá sna hithreacha den chuid is mó. Tá meascán de fhraochmhá charraigeach, bán fliuch, fásra réisc agus scrobarnach fhliuch sa talamh timpeall an mhurlaigh. Tá riasc goirt ag imeall an mhurlaigh feadh an chladaigh oirthearaigh.
002281	LCS Mhionduirlíng na Rinne	Cé go bhfuil achar an láithreáin beag, tá sampla tábhachtach ann de ghob scaineagáin fásamhar in éineacht le murlach beag. Tá sé mar thaca ag flóra tíopúil lena n-áirítear léicín agus tá sé ar ardchaighdeán.	Tá an láithreán suite i mBá Dhún Mánaís sa chuid is faide thiar theas de Chontae Chorcaí. Tá ceann tíre beag ann agus tá féarach feabhsaithe sa chuid inmheánach de seo nach bhfuil mar chuid den láithreán. Tá barraí scaineagáin ar an dá thaobh den cheann tíre agus meascann



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
			siad le riasc goirt fraochmhá agus murlach beag. Ar thaobh na farraige tá an scaineagán in éineacht le cladach buncharraige.
002315	LCS Coill Ghleann Locha	Tá an láithreán seo mar thaca ag fara tábhachtach samhraidh de chrú-ialtóga beaga. Tá drochbhail ar an láithreán ach tugtar coinníollacha fáirthe gan suaitheadh do na hialtóga ann. Níor deimhníodh na limistéir chruinne shealgairachta ná na láithreáin gheimhriúcháin go fóill.	Ta seanteach feirme atá as úsáid sa láithreán, atá suite i limistéar measartha iargúlta i ndeisceart Chiarraí. Tá féaraigh fheabhsaithe agus coillearnach leathanduilleach i measc na ngnáthóg in aice láimhe. Soláthraíonn an choillearnach limistéir chúí shealgairachta do na hialtóga.
004021	LfCS an tSeanchinn	Is sa Seancheann atá an choilíneacht is mó d'éin mhara ar chósta an deiscirt idir an Tarbh agus an Sailte Beag/an Sailte Mór. Tá sé mar thaca ag pobail den Rissa tridactyla agus den Uria aalge a bhfuil tábhacht náisiúnta leo (c. 2% den líon iomlán uile-Éireann do gach ceann acu) chomh maith le líonta níos lú den glacilis agus den Alca torda. Tá laghdú tagtha ar phobail den Rissa tridactyla agus den Alca torda ó dheireadh na 1980idí. Feictear Pyrrhocorax pyrrhocorax agus Falco peregrinus, a shíolraíonn in áit eile, sa Seancheann go rialta laistigh den láithreán LfCS. Déantar monatóireacht mhaith ar na pobail éan mara agus ainmníodh an láithreán mar Thearmann d'Fhána.	Ceann tíre 5 km ar fad is ea an Seancheann agus é déanta as buncharraigeacha géarchlaonta. Ábhar spéise ó thaobh na geolaíochta is ea iad seo mar léiríonn siad trasghearradh den aistriú idir an Tréimhse Dheavónach agus an Tréimhse Charbónmhar. Tá cuid de na hailte ar an taobh thiar den cuing chaol a théann go dtí an Seancheann sa láithreán LfCS seo. Aillte carraige ceartingearacha is ea iad seo a sholáthraíonn gnáthóg optamach d'éanlaith mhara aille. Tá féarach muirí agus fraochmhá mhuirí thar na hailte géara ach rinneadh féarach taitneamhachta de chuid díobh seo mar chúrsa gailf. Áirítear an limistéar mara in aice láimhe go fad 200 m ó bhun na n-aillte leis an láithreán.
004038	LfCS Pháirc Náisiúnta Chill Airne	Tá tábhacht leis an láithreán seo mar tá sé mar thaca ag éagsúlacht mhaith éan ardtalún agus coillearnaí chomh maith le héin uisce gheimhrithe. Láithreán traidisiúnta is ea é do phobal den Anser albifrons flavirostris - cé go bhfuil na líonta íseal faoi láthair, tá tábhacht leis an bpobal go fóill mar is é an pobal is faide ó dheas sa tír agus bíonn siad á mbeathú ar na portaigh amháin. I measc na speiceas ardtalún a shíolraíonn laistigh den láithreán tá an Falco peregrinus Falco columbarius Lagopus lagopus agus an Turdus torquatus - tá an dá cheann dheireanacha díobh seo sa Liosta Dearg in Éirinn. Tá na coillearnacha fairsinge mar thaca ag roinnt éin ghoir neamhchoitianta, go háirithe Phoenicurus phoenicurus	Cuimsítear na lochanna agus cuid de na Cruacha Dubha i gcóngar Chill Airne leis an láithreán mór seo. Sean-Ghaineamhchloch Rua atá sa gheolaíocht faoina bhun ach tá aolchloch charbónmhar ar chladaí thoir Loch Léin. Is é Loch Léin an loch is tábhachtaí agus is mó (8.6 km feadh a aise fada) agus rangaítear é mar chóras méiseatrófach. Córais olagatrófacha ardchaighdeán is ea Loch Mhucrois agus an Loch Uachtarach araon. Is fearr aithne ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne as a coillearnacha darach. Tá siad ar an limistéar is fairsinge de choillearnach dhúchasach atá fós ann in Éirinn agus áirítear leo Doire Coinche, a gcuirtear síos uirthi mar an choill darach gaelaí is nádúrtha sa tír, b'fhéidir. Quercus petraea atá sa choill den chuid is mó go hiondúil agus tá



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
		<p>Phylloscopus sibilatrix agus Sylvia borin. Rinneadh roinnt cláir thaighde, lena n-áirítear staidéir ar na pobail éan a bhaineann leis na coillearnacha agus na héin fhiáine a bhaineann leis na lochanna. Baineann réimse speiceas eile ainmhithe agus plandaí leis an láithreán seo, lena n-áirítear Salvelinus alpinus.</p>	<p>sraith mheánach Ilex aquifolium ann. Gné shuntasach den choill is ea Arbutus unedo. Tá an láithreán mar thaca ag an gcoillearnach Taxus baccata is mó in Éirinn.</p> <p>Tá limistéar fairsing de choillearnach fhliuch agus carr laistigh de thuilemhá Loch Léin. Bratphortach agus fraochmhá fhliuch atá sna limistéir is airde den láithreán den chuid is mó. Gnéithe den láithreán seo is ea aillte lomán carraige agus creaga.</p>
004081	LfCS Bhá Chloich na Coillte	<p>Tá LfCS Bhá Chloich na Coillte mar thaca ag pobal Limosa limosa a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis agus líonta de Tadorna tadorna Charadrius hiaticula agus Tringa nebularia a bhfuil tábhacht náisiúnta leo. Tá réimse speiceas eile ann agus tábhacht réigiúnach lena líonta, lena n-áirítear Anas penelope Pluvialis apricaria Pluvialis squatarola Vanellus vanellus Calidris alpina agus Numenius arquata. Tá pobal beag Limosa lapponica ann. Tugann lapairí eachtrann cuairt ar an láithreán agus bíonn dlús ard Calidris minuta agus Calidris ferruginea ann go rialta. Le blianta beaga anuas bíonn an Egretta garzetta le feiceáil go rialta sa láithreán. Bíonn an Asio flammeus ann go rialta sa gheimhreadh. Soláthraíonn an láithreán idir limistéir bheathaithe agus limistéir fáirthe do na speicis d'éin uisce agus ta caighdeán na ngnáthóg go maith den chuid is mó. Tá monatóireacht á déanamh ar phobail éan geimhrithe ó bhí na 1970idí ann agus rinneadh staidéir shonracha ar an bpobal den Limosa limosa. Tá cuid mhór den láithreán faoi úinéireacht an stáit anois.</p>	<p>Coimpléasc bogaigh is ea Bá Chloich na Coillte agus síneann sí ó bhaile Chloich na Coillte go dtí an fharrage mhór. Tá dhá bhá inbhearacha ann, Cuan Chloich na Coillte agus Trá Mhucrois, agus tá Oileán Inse Duine eatarthu. Sreabhann roinnt aibhneacha beaga isteach sa láithreán agus is é an Fealge River an ceann is suntasaí. Nochtar limistéir mhóra de réileáin ghainimh agus láibe le lag trá. Cruthaíodh coimpléasc fairsing bogaigh, ina bhfuil saintréithe goirte, ar a dtugtar Trá an Chloichín, nuair a tógadh cabhsa trasna na coda inmheánaí de Thrá Mhucrois. Tá córas dumhcha dea-fhorbartha sa láithreán.</p>
004095	LfCS Phortach Chill Cholmáin	<p>Láithreán tábhachtach is ea Portach Chill Cholmáin d'éin uisce gheimhrithe agus tá pobail de Cygnus cygnus Anas crecca agus Anas clypeata ann a bhfuil tábhacht náisiúnta leo. Tá tábhacht ar leith leis an bpobal den Anas clypeata mar is ionann é agus 6% den líon iomlán náisiúnta. I measc na speiceas eile a bhfuil pobail thábhachtacha acu tá Anas penelope Fulica atra agus Vanellus vanellus. Bhí an láithreán mar thaca ag pobal beag den Anser</p>	<p>Tá Portach Chill Cholmáin suite ar bhunchnoic theas an tSléibhe Riabhaigh. Tá log aolchloiche carbónmhaire ann a ndearnadh oighearchreimeadh air. Tá eanach creatha sa láithreán a bheathaítear ag screamhuisce cailcreach agus tá limistéir de chorcach giolcaí, riasc fionnuisce agus bán fliuch ann. Tá loch beag buan ann ach bíonn limistéar mór faoi thuile ann sa gheimhreadh de ghnáth. Tá bainistíocht á déanamh ar an láithreán</p>



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
		<p>albifrons flavirostris tráth ach tá an ealta tar éis an limistéar a thréigean anois. Anaclann Dúlra is ea an láithreán seo agus déantar bainistíocht air ar mhaithe le héin. Tá dianmhonatóireacht á déanamh ar na pobail éan ó bhí na 1970idí ann. Tá an láithreán mar thaca ag an Rumex maritimus, speiceas ó Leabhar Dearg na Sonraí.</p>	<p>lena chaomhnú ó bhí na 1970idí ann. Diantalmhaíocht atá sa talamhúsáid máguaird den chuid is mó.</p>
004154	LfCS Leithinis Uíbh Ráthaigh	<p>Tá an láithreán mar thaca ag pobal den chág gobdhearg pórúcháin agus is speiceas é seo atá i Leabhar Dearg na Sonraí agus a liostaítear in Iarscríbhinn I de Threoir maidir le héin an AE; taifeadadh 106 péire pórúcháin ón láithreán sa suirbhé i 1992 agus 86 díobh sa suirbhé in 2002/03. Taifeadadh ealtaí de suas le 42 éan sa tréimhse idir 2002 agus 2004. Tá an láithreán mar thaca ag pobal den fhabhcún gorm freisin (5 phéire in 2002); tá an speiceas seo in Iarscríbhinn I de Threoir maidir le héin an AE. Tá pobail den fhoracha (2860 péire i 1999-2000) fulmaire (766 péire i 1999-2000) saidhbhear (1150 péire in 2000) droimneach mór (63 péire i 1999-2000) agus foracha dhubh (118 ceann aonair i 1999) chomh maith le pobail níos lú d'éin mhara eile: crosán (90 péire i 1999-2000) faoileán scadán (30 péire i 1999-2000) broigheall (33 péire i 1999-2000) agus Seaga (11 phéire i 1999-2000) ar an láithreán freisin.</p>	<p>Láithreán mór atá suite ar chósta thiar Chontae Chiarraí is ea LfCS Leithinis Uíbh Ráthaigh. Tá na codanna arda cois cósta agus cois farraige den leithinis sa láithreán seo, ó dhíreach siar ó Ros Beithe sa tuaisceart timpeall go dtí ceann na leithinse ag Dairbhre agus Ceann Bhólais agus chomh fada soir le Ceann an Uain sa deisceart. Áirítear leis an láithreán na haille cósta, an talamh in aice le himeall na n-ailte, agus limistéir de dhumhcha ag Doire Fhionnain agus Beiginis freisin. Is é an t-uachtar lán an teorainn i dtreo na farraige ach amháin ag Ceann Dualaisc/Sliabh Chill Fhaolain, áit a n-áirítear an limistéar mara in aice lámhe go fad 500 m ó bhun na haille. Tá gaineamhclocha Deavónacha, sioltachlocha agus láibchlocha faoi bhun an láithreáin. Tá limistéar beag bruthcharraigeacha (dolairít agus gabró) ag Beiginis agus ar an gcladach in aice lámhe.</p>
004175	LfCS Deenish Island agus na Scairbhe	<p>Tá an láithreán mar thaca ag pobal den Puffinus puffinus a bhfuil tábhacht náisiúnta leo (5.2% den iomlán uile-Éireann). Tá an láithreán aitheanta le tamall fada mar láithreán pórúcháin don Hydrobates pelagicus ach níl aon sonraí ar fáil ó shuirbhéanna le gairid. Speicis eile d'éin mhara a bhfuil líonta tábhachtacha díobh ann i gcomhthéacs uile-Éireann ná Sterna paradisaea Fulmarus glacialis agus Larus fuscus.</p> <p>Tá an láithreán mar thaca ag pórúcháin an Phalacrocorax aristotelis Larus argentatus agus an Cephus grille freisin. Soláthraíonn Deenish Island agus an Scairbh gnáthóg den scoth do na héin</p>	<p>Tá na hoileáin neamháitrithe bheaga agus mheánmhéide seo suite idir 5 agus 7 km siar ó Cheann an Uain amach ó chósta Chiarraí agus tá siad an-rite le fórsaí an Atlantaigh dá bharr sin. Is í an Scairbh an t-oileán is mó den dá oileán. Tá sí an-ghéarchlaonta an bealach ar fad timpeall agus tá a bhinn 252 mar airde. Tá na haille is airde ar an taobh theas. Meascán de raithneach mhór féaraigh mhuirí agus roinnt fásra de chineál fraochmhá atá i bhfásra an oileáin. Tá fothrach lonnaíochta mainistreach agus teachín sa limistéar thoir thuaidh den oileán. Níl Deenish chomh garbh céanna leis an Scairbh agus tá sé 144 m ar airde sa leath</p>



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreáin
		mhara. Tá pobal beag pórúcháin den <i>Pyrrhocorax pyrrhocorax</i> ar na hoileáin freisin.	deisceartach ach tá an leath tuaisceartach níos ísle agus níos cothroime. Féarach atá san fhásra den chuid is mó agus tá roinnt fraochmhá ar an talamh is airde. Tá na seangoirt mothrach agus tá raithneach mhór agus driseacha iontu. Tá an limistéar mara go 500 m timpeall na n-oileán áirithe leis an láithreán chun soláthar adhéanamh do limistéir 'raftaithe' do na cánóga.
004191	LfCS na Seacht gCeanna a	Tá an láithreán mar thaca ag pobal den <i>Pyrrhocorax pyrrhocorax</i> pórúcháin a bhfuil tábhacht náisiúnta leis agus ar speiceas i Leabhar Dearg na Sonraí é. Taifeadh 11 phéire pórúcháin ón láithreán sa suirbhé i 1992 agus 15 phéire pórúcháin sa suirbhé in 2002/03. Lena chois sin, tugadh ealtaí de suas le 47 éan faoi deara sa suirbhé i 1992 agus suas le 25 éan sa suirbhé in 2002/03. Úsáideann <i>Falco peregrinus</i> an láithreán freisin agus bíonn speicis éagsúla d'éin mhara ag síolrú ar na haille.	Tá LfCS na Seacht gCeanna suite siar ó dheas ó bhaile Chúirt Mhic Shéafraidh i gContae Chorcaí. Tá an limistéar ó aillte cósta leithinis na Seacht gCeanna Seven Heads soir ó thuaidh go Barry's Point sa láithreán, chomh maith le haille Bhá Dhún Urlainn agus Barry's Cove. Áirítear na haille cósta atá suas le 50 m ar airde leis an láithreán, go háirithe ó dheas ó Barry's Point agus an talamh in aice le himeall na haille. Is é an t-uachtar láin an teorainn i dtreo na farraige. Tá gaineamhchlocha Deavónacha, sioltachlocha agus láibchlocha faoi bhun fhormhór an láithreáin; tá carraigeacha ón tréimhse Charbónmharatá atá cosúil leo sa taobh thoir agus sa taobh thiar den láithreán. Is iad aillte cósta an ghnáthóg is iomadúla sa láithreán; tá siad feadh fhad an láithreáin agus fágann foireann speiceas tíopúil aillte cósta go bhfuil tá fás maith iontu. Thar na haille tá limistéir d'fhéarach feabhsaithe, bán fliuch neamhfheabhsaithe agus bán tirim neamhfheabhsaithe, riasc fionnuisce agus talamh curaíochta. Is d'fhéaránaigh den chuid is mór atá an talamhúsáid ach déantar roinnt feirmeoireacht arúil freisin, go háirithe ar Leithinis na Seacht gCeanna. Tá an córas innilte, a bhfuil bánseach theann fásra ann dá bharr, ina bhuntáiste ag <i>Pyrrhocorax pyrrhocorax</i> . Tá limistéir de ghnáthóga leathnádúrtha in go leor áiteanna in aice leis na haille pórúcháin agus iad scaipthe idir limistéir eile ina bhfásann féar ar bhealach cuibheasach rábach.



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreán
000101	LCS Loch Trasna agus na nOileán	<p>Tá éagsúlacht mhór gnáthóg sceire agus dríodair i Loch Trasna a ndéanann réimse neamhchosaintí toinne agus sruthanna taoide i bhfeidhm orthu. Tá a lán pobail inbhearacha sa sceir chladachúil atá dulta in oiriúint do thosca salandachta athraithe. Tá an t-aon phobal amháin den <i>Fucus ceranoides</i> ar charraig inbhearach mheasctha fhíorchladachúil atá ar taifead ann freisin. Tá samplaí maithe sa sceir infrea-chladachúil d'iarmaidí cuán mara ag innilt ar fhoraos ceilpeanna ina bhfuil alga coiréilíneach. Tá a lán speiceas de phlandaí agus ainmhithe neamhchoitianta sna pobail sceire imchladaigh. Tá an t-alga dearg filiméadach neamhchoitianta <i>Pterosiphonia pennata</i> sa phobal pluaise ar Inis Arcáin.</p> <p>Tá na pobail dríodair i Loch Trasna eisceachtúil. Is díol spéise ar leith é leaba fhairsing <i>Lithophyllum dentatum</i>, an ceann is mó sa tír agus go hiondúil tá eiseamail atá an-mhór agus atá leacaithe go haonarach ina bhfoirm. Tá pobail maerl eile ann freisin atá liostaithe in Iarscríbhinn V den A.U. Treoir maidir le speicis agus Gnáthóga. Tá roinnt leapacha féir mhara (<i>Zostera marina</i>) ar Loch Trasna lena n-áirítear leaba iontach i gCuan an Chapaill, coire oighreach ar Inis Arcáin. Sa chuan tá an t-aon sceir a thairfead BiomMar den Peacock Worm <i>Sabella pavoninna</i> agus raon leathan pobal dríodar eile. Tá aillte géara le fásra dea-fhorbartha le fáil feadh thaobh theas Oileáin Chléire agus Inis Arcáin. Tá fraochmhánna Tirim Atlantaigh <i>Erica-Ulex</i> forbartha go maith ar na hinsí éagsúla agus feadh codanna den mhórhí. Tá gné ar leith ó dheas sa fhlóra ghaolmhar. Tá ar a laghad naoi speiceas plandaí ó Leabhar Dearg na Sonraí ann agus tá cúig cinn acu faoi chosaint dhlíthiúil freisin. Tá <i>Dianthus armeria</i> le fáil ag an aon stáisiún in Éirinn a bhfuil eolas faoi. Tá daonra suntasach póraithe <i>Halichoerus grypus</i> ar an láithreán agus tá <i>Lutra lutra</i> scaipthe go maith. Tá tábhacht ag baint leis an suíomh mar gheall ar <i>Phocoena</i></p>	<p>Bá leathan éadomhain is ea Loch Trasna, atá suite in iardheisceart na hÉireann. Tá sé gar don scairbh ilchríochach agus, dá bhrí sin, déanann uisce glana ar bheagán cothaitheach Shruth na Murascaille soláthar dóibh. Tá roinnt oileán agus carraigeacha amach ón gcósta a chosnaíonn limistéir cois cladaigh ar fhórsa iomlán an Atlantaigh agus tá na hoileáin iad féin rite leis an ngnáthmhórtas farraige ar a gcóstaí thiar theas. Seoltar sruthanna taoide ag sunaí agus caolta idir na hoileáin, mar atá ag Súnta an Ghaisceanáin, agus féadann sruthanna taoide a bheith láidir. Tá Bá Loch Trasna éadomhain agus faoi fhothain laistigh agus tá grinneall na farraige déanta as dríodair.</p> <p>Sraith sceireacha de Shean-Ghaineamhchloch Rua atá sa bhuncharraig, agus tá siad comhthreomhar le humair de chlastaigh mhuirí Dheavónacha Charbónmhara ag gabháil soir ó thuaidh/siar ó dheas. Sceir fochlaíochta atá sa taobh thoir theas den chuan, sceir as ar tháinig Oileán Chléire, Inis Arcáin agus Inis Píc. Tagann trí fho-sceir fochlaíochta chun cinn laistigh den chuan ar dtús mar oileánra Oileán an Lao agus Inis Uí Driscoil ar an dara dul síos mar Oileán Carthy agus na Sceacha agus ar an tríú dul síos mar shlabhra Oileán Clutharach/Inis Fada/Oileán an Chaisleáin/Oileán an Chapaill.</p> <p>Baineann castacht agus éagsúlacht shuntasach leis an éifeacht. Chomh maith le fásra aille agus fraochmhá, tacaíonn na hoileáin féarach tirim agus bogthais agus roinnt fásra luascach agus riasc agus limistéir bheaga de riasc goirt scaineagáin agus dumhcha. Tá lochanna beaga ar Oileáin Clear agus Inis Arcáin.</p>



Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Cáilíocht an Láithreáin	Tréithe eile den Láithreáin
		<p>phocoena a bheith ann, le flúirse coibhneasta ard ar taifead agus soláthraíonn sé gnáthóg d'ardchaighdeáin don mhamach muirí seo. Tá daonra póraithe tábhachtach ar bhonn náisiúnta de Pyrrhocorax pyrrhocorax agus roinnt péirí Falco peregrinus. Póraíonn éin mhara ar na hinsí le daonraí tábhachtacha ar bhonn náisiúnta Fulmaris glacilis Phalacrocorax carbo Larus fuscus agus Cepphus grylle. Phóraigh geabhróga geimhreacha san am a chuaigh thart agus tá gnáthóg fhéideartha ann fós. Tá an t-aon réadlann éan (a bunaíodh i 1959) a bhfuil foireann aici in Éirinn ag Oileán Chléire agus tá stáisiún taighde mara ar Inis Arcáin.</p>	
